

Making Magic Happen

€4.2 billion

€4.2 billion raised
for good causes
in 26 years

€4.2 billion a
thógtar le haghaidh
cúiseanna maithe
i 26 bliain




National
Lottery

**National Lottery
Annual Report 2012**

**An Tuarascáil Bhliantúil an
Chranmhuir Naisiúnta 2012**



Bank of Ireland
1000 O'Connell Street Dublin 1

DATE 22 December 20 12

DAT MC Ardhe
fifty seven thousand
Euro

 National Lottery

€ 57,000

for and on behalf of
All Post National Lottery Company

Jen A Gerdy
CHIEF EXECUTIVE, NATIONAL LOTTERY

000 00 0000
12345678 04



Contents

Abhár

Review of the Year

Chairman's Statement
Review of Operations

Athbhreithniú ar an Mbliain

Ráiteas an Chathaoirligh 7
Athbhreithniú Oibríochta 12

Governance

Board of Directors
Management Team

Rialachas

An Bord Stiúrtha 30
An Bhainistíocht 32

Finance

Index to the Financial Statements

Airgeadas

Innéacs do na Ráitis Airgeadais 33

Vision, Mission and Values

Fís, Misean agus Luachanna



Our Vision

To provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. As a result, we aim to be the best-known brand in Ireland.

Our Mission

To operate a world-class lottery for the people of Ireland, raising funds for good causes, on behalf of Government.

Our Values

• Integrity

We are fair and honest in everything we do and operate to the highest professional standards in all our activities.

• Innovation

We manage our business in a dynamic and progressive way that best meets the challenges of an ever-changing society.

• Teamwork

We work together as a team in which everyone supports and encourages each other.

Ár bhFís

Cluichí crannchuir spreagúla agus mealltacha a chur ar fáil, a thugann spraoi agus caitheamh aimsire do chách. Mar thoradh air sin, is mian linn bheith ar an mbranda is fearr aithne in Éirinn.

Ár Misean

Crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a ghnóthú do dheachúiseanna, thar ceann an Rialtais.

Ár Luachanna

• Ionracas

Bíimid cóir agus cothrom inár gcuid oibre uile agus feidhmíimid de réir na gcaighdeán is airde inár gcuid gníomhaíochtaí.

• Nuálaíocht

Bainistíimid ár ngnó ar bhealach dinimiciúil agus forásach is fearr a fhreagraíonn do dhúshláin shochaí atá ag síor-athrú.

• Obair

BhuíneOibrímid le chéile mar fhoireann ina dtacaíonn agus ina spreagann daoine a chéile.

over
€12
★ billion ★

Over €12 billion in sales over the last 26 years
Breis is €12 billiún de dhíolachán le 26 bliain anuas

26 Years Results Figures

Figúirí thorthaí 26 bliana

There were great celebrations in July 2012 when The Chadwicks Syndicate from Dublin won a Lotto jackpot of €3,084,281. The 21 work colleagues had been playing Lotto together for over 14 years. They shared their win equally with each member taking home €146,870.52.

Bhí an-cheiliúradh ann mí Iúil 2012 nuair a bhuaigh Sindeacáit Chadwicks ó Bhaile Átha Cliath pota óir Lotto arbh fhiú €3,084,281 é. Bhí an comhghleacaí oibre is fiche seo ag imirt Lotto le chéile le breis is 14 bliana. Roinneadar a mbua go cothrom ar a chéile agus rug gach duine €146,870.52 abhaile leis.



Over €12 billion in Sales

Over the 26 years since it was established, the National Lottery has steadily increased its turnover. From sales of €130 million in its first nine months, accumulated sales now stand at €12.8 billion.

€6.7 billion in Prizes

National Lottery players have reaped the benefits of playing. From 1987 to 2012, €6.7 billion in prize money has been won by millions of players.

€4.2 billion raised for Good Causes

Over the last 26 years, €4.2 billion has been raised by the National Lottery, and distributed by Government, to benefit hundreds of thousands of good causes all over Ireland.

Breis is €12 billiún de Dhíolachán

Thar an tréimhse 26 bliana ó bunaíodh é, mhéadaigh an Crannchur Náisiúnta a láimhdeachas go leanúnach. Ó dhíolachán de €130 milliún ina naoi mí tosaigh, seasann an díolachán carnach anois ag €12.8 billiún.

€6.7 billiún de Dhuaiseanna

Bhain imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta tairbhe as bheith ag imirt. Ó 1987 i leith go dtí 2012, tá €6.7 billiún de dhuais-airgead buaite ag na milliúin imreoirí.

€4.2 billiún cruinnithe do Dhea-Chúiseanna

Le 26 bliain anuas, tá €4.2 billiún cruinnithe ag an gCrannchur Náisiúnta, agus dáilte ag an Rialtas, ar na céadta míle dea chúiseanna ar fud na hÉireann.





Ireland was one of the first countries to have scouts and their first recorded meeting took place in Dublin in 1908.

Scouting Ireland is a voluntary, uniformed, non-formal educational movement for young people assisted by National Lottery funding, through the Department of Children and Youth Affairs.

Scouting Ireland encourages the physical, intellectual, character, emotional, social and spiritual development of young people so that they may achieve their full potential and as responsible citizens, improve society.

Bhí Éire ar cheann de na tíortha tosaigh a raibh gasóga inti agus is i mBaile Átha Cliath i 1908 a bhí chéad chruinniú acu a bhfuil taifead air.

Gluaiseacht dheonach oideachasúil, neamh-foirmiúil, faoi éide do dhaoine óga é Scouting Ireland a fhaigheann cúnamh maoinithe ón gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Spreagann Scouting Ireland forbairt fhisiceach, intleachtúil, charachtair, mhothúchánach, shóisialta agus spioradálta dhaoine óga le go mbainfidís amach a n-acmhainneacht iomlán agus, mar shaoránaigh fhreagracha, go gcuirfidís feabhas ar an sochaí.

Scouting Ireland

★ National organisation

★ Range of youth activities

Scouting Ireland

★ Eagraíocht Náisiúnta

★ Raon d'óg-imeachtaí

Achieving Potential

Conor Begley is a member of the 8th Lough Slieve Foy branch of Scouting Ireland, based in Carlingford, Co. Louth. Its annual scouting activities directly benefit from the assistance of National Lottery funding.

Ball de 8ú craobh Shliabh Feá de Scouting Ireland, atá lonnaithe i gCairlinn, Co. Lú, é Conor Begley. Baineann a cuid gníomhaíochtaí gasógaíochta tairbhe dhíreach as cúnamh maoinithe ón gCrannchur Náisiúnta.



Presenter Nuala Carey hosts the Lotto draws as part of the National Lottery's involvement with the Tall Ships Festival in Dublin during August 2012.

An láithreoir Nuala Carey agus í mar óstach ar na crannchuir Lotto a bhí mar chuid de rannpháirtíocht an Chrannchuir Náisiúnta i bhFéile na Long Ard i mBaile Átha Cliath le linn mí Lúnasa 2012.

Chairman's Statement

Ráiteas an Chathaoirligh



I'm very pleased to report that once again the National Lottery has delivered on its mission to raise significant funds for good causes, on behalf of the Government, through the operation of a world-class lottery for the people of Ireland.

In 2012, we raised a further €225.3 million for good causes exceeding our targets for the year. This represented 30.6% of sales, up from 30.5% in 2011 and brought the overall total raised since the National Lottery was established to an impressive €4.2 billion.

This performance was achieved while operating to the highest standards of corporate responsibility.

2012 Performance

Overall sales for the year were €735.1 million which, although down 3.5% on the previous year, was a satisfactory performance in what continues to be a difficult retail environment.

Our players shared a total prize fund of €406.4 million during the year, representing a 55% prize payout level. For the first time ever, they also had an opportunity to win with non-winning tickets in our 25th Anniversary €1 million Giveaway which was a great success.

Sales of Lotto related games in 2012 were €339.7 million compared to €379.1 million in 2011 reflecting lower jackpot levels during the year. In 2012, the largest jackpot was €11.5 million compared to €14 million in the previous year.

Is cúis mhór áthais dom a thuairisciú go bhfuil éirithe arís leis an gCrannchur Náisiúnta a bhunchuspóir a bhaint amach trí chistí suntasacha a ghnóthú do dhea chúiseanna, thar ceann an Rialtais, trí chrannchur ar chaighdeán domhanda a eagrú do mhuintir na hÉireann.

I 2012, d'éirigh linn €225.3 milliún breise a ghnóthú do dhea chúiseanna agus ár spriocanna don bhliain a shárú. B'ionann seo agus 30.6% den díolachán, méadú ó 30.5% i 2011, rud a fhágann go bhfuil mór-iomlán suntasach de €4.2 billiún gnóthaithe ag an gCrannchur Náisiúnta ó bunaíodh é.

Baineadh amach an fheidhmíocht seo agus na caighdeáin is airde de fhreagracht chorparáideach á leanúint.

Feidhmíocht 2012

Baineadh amach mór-iomlán díolaíochta de €735.1 milliún. Siúd is gur titim 3.5% é seo ar an mbliain roimhe sin b'fheidhmíocht shásúil é agus an timpeallacht mhiondíola doiligh i gcónaí.

Roinneadh duais-chiste de €406.4 milliún ar ár n-imreoirí le linn na bliana, arbh ionann é agus leibhéal fócaíochta amach duaise de 55%. Don chéad uair riamh, bhí deis acu buachan le ticéid neamh-bhuachana inár Giveaway de €1 milliún mar chomóradh ar 25 bliain ár mbunaithe - imeacht a raibh an-rath air.

Bhí díolachán de €339.7 milliún ar chluichí a bhain le Lotto i 2012 i gcomparáid le €379.1 milliún i 2011, léiriú ar leibhéal ísle na bpotáí óir. I 2012, bhí €11.5 milliún sa phota óir ba mhó i gcomparáid le €14 milliún an bhliain roimhe sin.

€406 million



Our players shared a total prize fund of €406.4 million during the year, representing a 55% prize payout level.

Roinneadh duais-chiste de €406.4 milliún ar ár n-imreoirí le linn na bliana, arbh ionann é agus leibhéal íocaíochta amach duaise de 55%.

However, I am glad to report that some of the fall in Lotto game sales was compensated for by the strong performance of EuroMillions, Scratch Cards and Daily Million.

During 2012, EuroMillions sales continued to grow, thanks mainly to two strong jackpot rolls, one of which reached a record €190 million and a number of other jackpot rolls which exceeded €100 million. The combined sales of EuroMillions and EuroMillions Plus were up 3.3% to €176.1 million, compared to €170.4 million in 2011. EuroMillions games are now our second largest game category, accounting for 24% of total National Lottery sales.

Our Scratch Card games category was also very successful, achieving an increase in sales for the second year in a row, against the overall retail trend. Sales in 2012 were €163.5 million, up 3.2% from €158.4 million in the previous year.

TellyBingo continues to be a popular game format with our players and generated sales of €17.3 million.

In 2012, we held three limited edition Millionaire Raffle draws compared to two in the previous year. Sales rose accordingly with a 47.6% increase to €12.4 million as draws at Easter, Summer and New Year all achieved sales objectives.

We continued our policy of game development during 2012 with the successful launch of the new Daily Million and Daily Million Plus games in September. Already these games are performing ahead of expectations, with sales of €10.8 million achieved in less than four months.

The Daily Million game replaced Monday Million and All or Nothing, which had sales of €11.4 million and €3.9 million respectively up to September 2012.

Is áthas liom a rá, áfach, gur chúitigh feidhmíocht láidir EuroMillions, na Scríobchátaí agus Daily Million, as cuid den titim i ndíolachán chluiche Lotto.

Le linn 2012, lean an díolachán ar EuroMillions de bheith ag fás, a bhuíochas cuid mhór le dhá rolladh láidir phota óir, ceann díobh a shroich curiarracht de €190 milliún, maille le roinnt rolladh pota óir eile a sháraigh €100 milliún. Bhí díolachán de €176.1 milliún ar EuroMillions agus EuroMillions Plus i dteannta a chéile – ardú de 3.3% - i gcomparáid le €170.4 milliún i 2011. Tá cluichí EuroMillions anois ar an dara catagóir cluichí is mó dár gcuid agus is ionann iad agus 24% de dhíolachán iomlán an Chranchnuir Náisiúnta.

Bhí an-rath freisin ar chatagóir ár gcluichí Scríobchátaí a raibh méadú ar a dhíolachán don dara bliain as a chéile in ainneoin a mhalairt treochta a bheith ar chúrsaí miondíola. Bhí díolachán de €163.5 milliún orthu i 2012, méadú de 3.2% ar fhigiúr de €158.4 milliún an bhliain roimhe sin.

Formáid chluichíochta, a bhfuil an-mhealladh aici i measc ár n-imreoirí, is ea TellyBingo agus ghin sí díolachán de €17.3 milliún.

I 2012, bhí trí chrannchur eagráin teoranta Millionaire Raffle againn i gcomparáid le dhá cheann an bhliain roimhe sin. Mhéadaigh an díolachán dá réir de 47.6% go dtí €12.4 milliún agus na spriocanna díolacháin á mbaint amach ag na crannchuir um Cháisc, sa Samhradh agus Lá Caille.

Leanamar dár bpolasaí de bheith ag forbairt cluichí le linn 2012 agus seoladh cluichí nua Daily Million agus Daily Million Plus mí Mheán Fómhair. Cheana féin, tá na cluichí seo tar éis ár n-ionchas a shárú agus díolachán de €10.8 milliún bainte amach acu taobh istigh de cheithre mhí.

Tá an cluiche Daily Million tar éis áit Monday Million agus All or Nothing a ghlacadh, a raibh díolachán de €11.4 milliún agus €3.9 milliún faoi seach orthu suas go dtí Meán Fómhair 2012.

The National Lottery Play Online channel continued to grow during 2012 with sales increasing by 43% to €8.7 million. Under our current licence terms, we are constrained in the promotion of our online games, but nonetheless, the number of registered online accounts at the year-end was 40,000, up from 27,000 in the previous year.

Operations

I am pleased to report that a continued focus on business efficiency and cost management helped to achieve a further reduction in the National Lottery's operating costs for the year ended 31 December, 2012.

Total operating costs were €103.4 million down from €107.0 million in 2011. Other costs of sales, including agents' commission of €45.4 million, were €81.7 million, down from €84.6 million in 2011. At €19.1 million, our administrative costs were down from €19.7 million in the previous year.

I would like to thank the management team and all National Lottery staff for their hard work and commitment during a busy and challenging year.

As Chairman, I was ably assisted in my role by the expertise of my Board colleagues and I would also like to thank them for their support. During the year, we welcomed Peter Quinn to the Board.

Throughout the year, our shareholder and regulator, the Minister for Public Expenditure and Reform and his department provided ongoing guidance and support, as did our main shareholder, An Post. This was much appreciated by the Board and management of the National Lottery.

In recent years we have successfully adapted our business to the changing economic environment. I am confident that, with our strong focus on innovative game development and business efficiency, we will continue to generate vital funds for good causes.



Donal Connell

Chairman | Cathaoirleach

19 February, 2013 | 19 Feabhra, 2013

Lean cainéal Play Online de chuid an Chranncuir Náisiúnta de bheith ag fás le linn 2012 agus méadú de 43% ar an díolachán go dtí €8.7 milliún. Faoi réir théarmaí an cheadúnais reatha atá againn, tá srian orainn maidir le cur chun cinn ár gcluichí ar líne ach in ainneoin sin bhí méadú ar líon na gcuntas cláraithe ar líne ó 27,000 an bhliain roimhe sin go dtí 40,000 faoi dheireadh na bliana.

Oibríochtaí

Is áthas liom a thuairisciú gur chabhraigh an fócas leanúnach ar éifeachtúlacht ghnó agus ar bhainistiú costas le laghdú eile a bhaint amach ar chostais oibríochta an Chranncuir Náisiúnta don bhliain dár críoch 31 Nollaig, 2012.

Bhí laghdú ó €107.0 milliún i 2011 ar chostais oibríochta go dtí €103.4 milliún. Bhí titim ar chostais eile díolacháin, coimisiún ghníomhairí de €45.4 milliún san áireamh, go dtí €81.7 milliún ó €84.6 milliún i 2011. Bhí costais riaracháin de €19.1 milliún againn - laghdú ó €19.7 milliún an bhliain roimhe sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann bainistíochta agus le baill foirne uile an Chranncuir Náisiúnta as a ndian-saothar agus a dtiomantas le linn bliana a bhí gnóthach agus dúshlánach.

Chuidigh saineolas mo chomhghleacaithe ar an mBord liom i mo ról mar Chathaoirleach agus ba dheas liom mo bhuíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht. D'fháiltíomar le linn na bliana roimh Peter Quinn mar chomhalta den Bhord.

Sholáthair ár scairshealbhóir is ár rialtóir, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus a roinn, treoir agus tacaíocht leanúnach dúinn le linn na bliana, mar a rinne ár bpríomh-scairshealbhóir, an Post. Ba mhór le Bord agus le bainistíocht an Chranncuir Náisiúnta é seo.

Le blianta beaga anuas, d'éirigh linn ár ngnó a chur in oiriúint don timpeallacht eacnamaíoch atá ag athrú. Táim muiníneach, agus an bhéim láidir ar fhorbairt nuálaíoch chluichí agus ar éifeachtúlacht ghnó atá againn, go leanfaimid de bheith ag giniúint cistí riachtanacha do dhea chúiseanna.



1	3	2
2	1	3

Irish Chamber Orchestra

★ **University College Limerick**

★ **Musical Education**

Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann

★ **Coláiste na hOllscoile, Luimneach**

★ **Oideachas Ceoil**

Making Music

The Irish Chamber Orchestra is a world-class orchestra based at the University of Limerick.

Funding from the National Lottery, through the Arts Council, plays a significant role in the Irish Chamber Orchestra's endeavours to provide music and education across Ireland and globally.

The successful Sing Out With Strings project is widely regarded as an excellent model of instrumental music provision within primary schools in Limerick, and over 300 children participate in this programme. It advocates music as an instrument of social change, introducing children to music, creativity, innovation, understanding and openness, helping them to reach their full potential as individuals.

Ceolfhoireann de chaighdeán domhanda í Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann atá lonnaithe in Ollscoil Luimnigh.

Tá ról suntasach in iarrachtaí Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann chun oideachas agus ceol a chur ar fáil ar fud na hÉireann agus an domhain, ag maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta a chuirtear ar fáil tríd an gComhairle Ealaíon.

Breathnaítear ar thionscadal rathúil Sing Out With String mar léirshamhail den scoth chun ceol a sholáthar taobh istigh de bhunscoileanna Luimnigh, agus glacann os cionn 300 páiste páirt sa chlár. Cuireann sé ceol chun tosaigh mar uirlis chun athrú sóisialta a bhaint amach trí cheol, nuálaíocht, chruthaíocht, thuiscint agus oscailteacht a chur os comhair na bpáistí agus, dá réir, cuidiú leo a n-acmhainneacht iomlán mar dhaoine a bhaint amach.

Brooke McMahon, aged eight years, is a pupil at Galvone National School in Limerick. She is one of 300 children taking part in the Irish Chamber Orchestra's Sing Out With Strings Community Music programme in Limerick.

Dalta í Brooke McMahon, a bhfuil ocht mbliana d'aois aici, i Scoil Náisiúnta na Gallmhóine i Luimneach. Duine í de 300 páiste atá ag glacadh páirte i gclár Ceoil Pobail Sing Out With Strings i Luimneach.

Review of Operations

Athbhreithniú Oibríochtaí



2012 will be remembered as the year when Ireland's National Lottery passed the €4 billion milestone in terms of funds raised for good causes. In a challenging retail environment, we generated a surplus of €225.3 million, compared to €231.9 million in the previous year. Key highlights during the year included the development of our social media strategy with the launch of our Facebook page in January, the 25th Anniversary Draw and the successful launch of the new Daily Million game in September.

Players

The continuing popularity of Ireland's National Lottery was demonstrated by the high level of player participation in 2012 with 64% of all adults playing National Lottery games on a regular basis.

In 2012, National Lottery players shared €406.4 million in prizes. In addition to the large jackpot wins, 782 players won prizes of €10,000 or more across all games during the year.

We celebrated the 25th anniversary of the National Lottery with an innovative game for players whereby they were invited to send in their non-winning tickets for a special €1 million prize giveaway. The response was beyond expectations with over 1.5 million entries received over a four week period.

The draw culminated in a spectacular event at the Royal Hospital Kilmainham, Dublin in September when 100 finalists won prizes ranging from €5,000 to €250,000. Following an exciting draw led by Jedward and Marty Whelan, the overall winner of the €250,000 top prize was Margaret Martin from McAuley Place, Kilkenny.

Cuimhneofar ar 2012 mar an bhliain inar sháraigh Crannchur Náisiúnta na hÉireann garsprioc de €4 billiún de chistí a gnóthaíodh do dhea chúiseanna. Agus an timpeallacht mhiondíola deacair, ghineamar barrachas de €225.3 milliún i gcomparáid le €231.9 milliún an bhliain roimhe sin. Ar bhuaicphointí na bliana bhí forbairt ár straitéise do na meáin shóisialta, nuair a seoladh ár leathanach Facebook mí Eanáir, Crannchur Chomórtha ár 25ú Bliain agus seoladh rathúil ár gcluiche nua Daily Million mí Mheán Fómhair.

Imreoirí

Léirigh an t-ard-leibhéal rannpháirtíochta an móréileamh leanúnach atá ar Chrannchur Náisiúnta na hÉireann agus 64% d'iomlán na ndaoine fásta ag imirt cluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn rialta.

I 2012, roinneadh luach €406.4 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta. De bhreis ar dhuaiseanna móra na bpotáí óir, bhuaigh 782 imreoir duaiseanna dar luach €10,000 nó níos mó ar an cluichí go léir tríd an mbliain.

Cheiliúramar comóradh ár mbunaithe 25 bliain ó shin le cluiche nuálaíoch d'imreoirí inar tugadh cuireadh dóibh a dticéid, nár bhain duais, a sheoladh isteach do chrannchur speisialta thabhartas in aisce le duais de €1 milliún. Sháraigh an fhreagairt aon ní a raibh coinne againn leis agus fuaireamar breis is 1.5 milliún iontráil thar tréimhse ceithre seachtaine.

Bhí buaic-chríoch leis an gcrannchur ag ócáid thabhsúil sa Bhrú Ríoga, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath mí Mheán Fómhair mar a bhuaigh 100 duine duaiseanna ó €5,000 go €250,000. Mar chríoch ar an gcrannchur

Lotto

As our overall game portfolio develops and expands, the Lotto family of games accounts for a smaller proportion of the business, but is by far the single biggest category. In 2012, the combined sales of Lotto, Lotto Plus and Lotto 5-4-3-2-1 were €339.7 million or 46% of total sales, compared to 50% in 2011.

Ireland's Lotto game rates very highly in terms of international benchmarks. In the most recent figures published, Ireland was in the top ten countries in the world in terms of per capita spend on Lotto style games. We have 1.8 million regular players and up to 450,000 TV viewers watch our twice weekly live Lotto TV draws.

Sales of our Lotto game were €252.3 million in 2012, representing a drop of 10.6% from the previous year. This was partly due to the lower level of jackpots during the year and the lack of any extended rolls. Our largest jackpot was €11.5 million in 2012 compared to a record €18.9 million jackpot in 2008.

The average Lotto jackpot during the year was €4.17 million and there were 17 jackpot wins. Lotto sales were also affected by the general decline in retail sales and changes in shopping behaviour.

Lotto players shared €131.2 million in prizes and there were 23 new Lotto millionaires created during 2012.

Our biggest Lotto jackpot draw of the year of €11.5 million was reached in March and was shared by two winning tickets, one of which was bought in Tesco, Bettystown, Co Meath and the other by Giustina Macari in Louis Malone's newsagent in Kildare town.

The largest individual jackpot win of the year was €8.7 million and was won in June by a ticket bought in First Chapter, Golden Island Shopping Centre, Athlone.

Throughout the year we continued to keep the Lotto game invigorated with a series of promotions across Lotto and Lotto Plus. An extra €1 million was added to the Lotto jackpot on four occasions: St Patrick's Day, the May bank holiday weekend, the October bank holiday weekend and Christmas.

spreagúil, faoi stiúir Jedward agus Marty Whelan, bí Margaret Martin ó Phlás Nic Amhlaí, Cill Chainnigh, a bhain an bharrdhuais de €250,000.

Lotto

De réir mar a fhorbraíonn is a mhéadaíonn ár bpunann cluichí, is ag dul i laghad mar sciar dár ngnó atá ár bhfine cluichí Lotto siúd is go bhfuil sé ar an gcatagóir chluichí is mó ar fad. I 2012, b'ionann díolachán iomlán Lotto, Lotto Plus agus Lotto 5-4-3-2-1 agus €339.7 milliún nó 46% den díolachán iomlán i gcomparáid le 50% i 2011.

Faigheann cluiche Lotto na hÉireann marc an-ard i dtéarmaí tagarmharcála idirnáisiúnta. De réir na bhfigiúirí is déanaí tá Éire i measc na ndeich thír is airde caithimh per capita ar chluichí Lotto ar domhan. Tá 1.8 milliún imreoir rialta againn agus tá lucht féachana de 450,000 duine ag ár gcrannchuir bheo Lotto dhá uair in aghaidh na seachtaine.

Bhí díolachán de €252.3 milliún i 2012 ar ár gcluiche Lotto – titim de 10.6% ar an mbliain roimhe sin. Cuid den chúis leis seo ná leibhéal níos ísle a bheith ag na potaí óir le linn na bliana agus gan aon rolladh sínte a bheith ann. €11.5 milliún a bhí sa phota óir ba mhó i 2012 i gcomparáid le buaicphointe de €18.9 milliún i 2008.

Bé €4.17 milliún meán-mhéid an phota óir Lotto le linn na bliana agus buadh 17 pota óir. Bhí éifeacht ag an titim ghinearálta ar dhíolachán miondíola agus ag athruithe ar an nósmaireacht siopadóireachta ar dhíolachán Lotto chomh maith.

Roinneadh luach €131.2 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí Lotto agus cruthaíodh 23 milliúnaí nua Lotto le linn 2012.

Bhí €11.5 milliún sa phota óir ba mhó le linn na bliana mí an Mhárta. Roinneadh é ar bhuaiteoirí dhá thicéad – ceann a ceannaíodh i siopa Tesco, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí, agus an ceann eile a cheannaigh Giustina Macari i siopa nuachta Louis Malone i mbaile Chill Dara.

Bé €8.7 milliún an pota óir aonair ba mhó le linn na bliana. Ticéad a ceannaíodh i First Chapter, Siopalann an Oileáin Órdha, Baile Átha Luain, a bhain é.

Choinníomar an cluiche Lotto beo bríomhar le linn na bliana le sraith promóisean thar cluichí Lotto agus Lotto Plus. Cuireadh €1 milliún breise le pota óir Lotto ceithre uair le linn na bliana: ar Lá Fhéile Pádraig, ag deireadh seachtaine lá saoire bainc na Bealtaine, ag deireadh seachtaine lá saoire bainc Dheireadh Fómhair agus um Nollaig.

Rinneadh ceiliúradh freisin ar ócáidí speisialta le linn 2012 ag tosú le luach €100,000 de dhiamaint do gach buaiteoir

Review of Operations

Athbheithniú Oibríochtaí

Special occasions were also celebrated during 2012 starting with an additional prize of €100,000 in diamonds for all Match 5 plus bonus winners to mark Valentine's Day. Also in February, there was a guaranteed €100 prize for Match 4 and Match 4 plus bonus number winners for the draw on Wednesday 29 to celebrate the leap year. To mark Ireland's participation in the Olympics, we added €1 million in 'gold' to the jackpot.

In 2012, we undertook several prize promotions to introduce our loyal Lotto players to other games in the portfolio. In late March, all Lotto and Lotto Plus winners also won an extra prize of a free €3 Winning Streak Scratch Card, while in late May in a similar prize promotion, all Lotto and Lotto Plus winners received a free €3 Big Money Scratch Card. Then in October and November, tickets for the Daily Million game were added to the winnings of Lotto and Lotto Plus players. Continuing the prize promotion strategy, all Lotto and Lotto Plus winners also received a Lotto 5-4-3-2-1 ticket in the draw on 8 December. As part of The National Lottery involvement with the Tall Ships Festival in Dublin during August, the Lotto draw was broadcast live on RTE TV from the quayside as thousands watched and enjoyed the entertainment.

Lotto Plus

In this game Lotto players can enter their selected numbers in two extra draws for an additional 50 cent and have a chance to win up to €350,000 in Lotto Plus 1 and up to €250,000 in Lotto Plus 2. During 2012, Lotto Plus players shared €35.4 million in prizes. There were 21 winners of €350,000 and a further 23 winners of €250,000.

The performance of the Lotto Plus game closely reflected that of the Lotto game, given that over 90% of all Lotto players also played Lotto Plus in 2012. Sales were €74.3 million compared to €83.0 million in the previous year.

Lotto 5-4-3-2-1

In this lucky numbers game, players can win from €4 to €100,000 for correctly selecting 1, 2, 3, 4, or 5 numbers from the winning numbers on our Lotto game draws.

Sales of Lotto 5-4-3-2-1 were €13.1 million in 2012 compared to €13.9 million in 2011, while the prize payout on this game was €8.7 million or 66%. We ran a special promotion with Topaz in the first half of the year and introduced a new game promotion in October whereby all prizes were doubled when the Lotto jackpot was won.

We had a top €100,000 Lotto 5-4-3-2-1 winner in December from a ticket bought in Bergin's Spar, Clonmel, Co. Tipperary.

bónais Match 5 Plus chun Lá San Vailintín a chomóradh. Arís i mí Feabhra bhí duais de €100 geallta do bhuaiteoirí bónais Match 4 agus Match 4 plus don chrannchur ar 29 Feabhra. Ceiliúradh ar an mbliain bhisigh a bhí anseo. Chun rannpháirtíocht na hÉireann sna hOilimpí a chomóradh chuireamar €1 milliún d'ór' leis an bpota óir.

I 2012, scaoileamar faoi roinnt mhaith promóisean duaise chun cluichí eile inár bpunann a chur ar a súile d'ár n-imreoirí dílse Lotto. Déanach i mí an Mhárta bhuaigh duaiseoirí uile Lotto agus Lotto Plus duais bhreise de scríobchárta Winning Streak dar luach €3 saor-in-aisce agus déanach i mí na Bealtaine bhuaigh duaiseoirí uile Lotto agus Lotto Plus scríobchárta Big Money dar luach €3 saor-in-aisce freisin. Ansin i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna cuireadh ticéid don chluiche Daily Million le duaiseanna bhuaiteoirí Lotto agus Lotto Plus. Ag leanúint orainn leis an straitéis promóisean duaise, fuair gach buaiteoir Lotto agus Lotto Plus ticéad Lotto 5-4-3-2-1 don chrannchur ar 8 Nollaig. Mar chuid de rannpháirtíocht an Chrannchuir Náisiúnta i bhFéile na Long Ard i mBaile Átha Cliath le linn mhí Lúnasa craoladh an chrannchur Lotto beo ar theilifís RTÉ ón gcé an fhaid is a bhí na mílte ag faire is ag baint taitnimh as an siamsaíocht.

Lotto Plus

Tig le himreoirí Lotto sa chluiche seo a rogha uimhreacha a iontráil in dá chrannchur breise ar chostas 50c breise agus seans a bheith acu suas le €350,000 a bhuaich i Lotto Plus 1 agus suas le €250,000 i Lotto Plus 2. Le linn 2012, roinneadh duaiseanna dar luach €35.4 million ar imreoirí Lotto Plus. Bhain 21 buaiteoir duais de €350,000 an duine agus bhain 23 buaiteoir eile duaiseanna de €250,000.

Ba chosúil feidhmíocht chluiche Lotto Plus le feidhmíocht chluiche Lotto ag cur san áireamh gur imir breis is 90% d'imreoirí Lotto i 2012 Lotto Plus chomh maith. Bhí díolachán de €74.3 milliún ann i gcomparáid le €83.0 milliún an bhliain roimhe sin.

Lotto 5-4-3-2-1

Sa chluiche seo, atá bunaithe ar uimhreacha an áidh, tig le himreoirí idir €4 agus €100,000 a bhuaich trí 1, 2, 3, 4 nó 5 uimhir a roghnú as uimhreacha buachana inár gcrannchur Lotto.

Bhí díolachán de €13.1 milliún ar Lotto 5-4-3-2-1 i 2012 i gcomparáid le €13.9 milliún i 2011 agus íocadh amach duaiseanna dar luach €8.7 milliún, nó 66%, ar an gcluiche seo. D'eagraíomar promóisean speisialta i bpáirt le Topaz sa chéad leath den bhliain agus thugamar isteach cluiche nua mar phromóisean i mí Dheireadh Fómhair inar dúblaíodh na duaiseanna uile go dtí gur buadh an pota óir Lotto.



EuroMillions

The EuroMillions game continued to grow in 2012 with a 3.2% increase in sales to €131.5 million, from €127.4 million in the previous year. The benefits of the new game structure and second weekly draw are clearly apparent when you consider that over the last two years, sales have grown by 33% from a level of €98.6 million in 2010.

Sales in 2012 were boosted by a strong run of high jackpots with as many as 17 draws offering jackpots of €100 million or over. There was also a guaranteed Super Draw Jackpot of €100 million in September which proved very popular with EuroMillions players.

During the year, the EuroMillions jackpot reached a record €190 million for two consecutive draws before being won in the UK in August. There were four other jackpots of €100 million or more won in Spain, Belgium and twice in France.

In Ireland, EuroMillions players shared winnings of €65.7 million as an average of over 100,000 players won prizes every week. Ten Irish players matched 5+1, missing the jackpot by just one number, whilst our largest single EuroMillions win of the year was from a ticket sold in Tierney's Roxboro Stores, Limerick, netting its lucky owner €875,321.

EuroMillions Plus also experienced growth in sales compared to 2011, reaching €44.6 million, an increase of 3.7% compared to the previous year. 76% of all EuroMillions players now play the Plus game as well.

Players of EuroMillions Plus shared prizes to a total value of €24.2 million, including 17 winners of the top €500,000 prize. A promotion to double all EuroMillions Plus prizes in April was well received by players.

Scratch Card Games

2012 was another very successful year for Scratch Cards with a 3.2% increase in sales to €163.5 million, from €158.4 million in the previous year. This longest running of all Ireland's National Lottery game formats experienced an increase in player participation during the year. Our research has also shown that Scratch Cards are becoming more popular with young adults attracted by the great instant cash prizes on offer.

Bhí barrdhuais Lotto 5-4-3-2-1 de €100,000 againn mí na Nollag le ticéad a ceannaíodh i siopa Bergin's Spar, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann.

EuroMillions

Lean cluiche EuroMillions de bheith ag fás le linn 2012. Bhí méadú 3.2% ar dhíolachán go dtí €131.5 milliún, ó €127.4 milliún sa bhliain roimhe sin. Tá na buntáistí, a eascraíonn ón struchtúr nua cluichíochta agus ón dara crannchur seachtainiúil, rí-shoiléir nuair fheictear go raibh fás de 33% ar dhíolachán sa dá bhliain deiridh ó leibhéal de €98.6 milliún i 2010.

Mhéadaigh an díolachán i 2012 mar thoradh ar shraith fhada de photaí óir arda ina raibh suas le 17 gcrannchur le potaí óir de bhreis ar €100 milliún. Bhí Crannchur le Sár-Phota Óir cinntithe de €100 milliún ann mí Mheán Fómhair a raibh an-mhealladh aige i measc imreoirí EuroMillions

Le linn na bliana, shroich pota óir EuroMillions sár-spric de €190 milliún do dhá chrannchur as a chéile sular buadh é sa Ríocht Aontaithe mí Lúnasa. Bhí ceithre pota óir eile ann de €100 milliún nó breis agus buadh iadsan sa Spáinn, sa Bheilg agus faoi dhó san Fhrainc.

In Éirinn, roinneadh iomlán de €65.7 milliún ar bhuaiteoirí agus bhain breis is 100,000 imreoir duais gach seachtain. Mheaitseáil deich n imreoir Éireannach 5 + 1 agus an pota óir á chailliúint acu le haon uimhir amháin. Ticéad a díoladh i Tierney's Roxboro Stores, Luimneach, a bhain an duais aonair EuroMillions ba mhó sa bhliain le duais de €875,321 dá úinéir.

Bhí méadú freisin ar dhíolachán EuroMillions Plus i gcomparáid le 2011. Shroich sé €44.6 milliún – méadú de 3.7% ar an mbliain roimhe sin. Imríonn 76% d'imreoirí EuroMillions anois an cluiche Plus chomh maith.

Bhuaigh imreoirí EuroMillions Plus duaiseanna dar luach €24.2 milliún, 17 mbuaiteoir ina measc a bhain an bharrdhuais de €500,000. Ghlac na himreoirí go maith leis an bpromóisean i mí Aibreáin a dhúbail duaiseanna uile EuroMillions Plus.

Cluichí Scríobcháartaí

Bliain an-rathúil eile a bhí i 2012 do Scríobcháartaí agus méadú 3.2% ar a ndíolachán go €163.5 milliún ó €158.4 milliún sa bhliain roimhe sin. Bhí méadú ar rannpháirtíocht imreoirí san fhormáid cluichíochta seo le linn na bliana – an fhormáid is sine ag Crannchur Náisiúnta na hÉireann. Léirigh ár gcuid taighde freisin go bhfuil tóir níos mó ag aosaigh óga ar Scríobcháartaí i ngeall ar na duaiseanna iontacha airgid atá le fáil ar an toirt.

€12.4 million

Sales of our limited edition
Millionaire Raffle game
increased by 47.6% to
€12.4 million.

Bhí méadú de 47.6% ar
dhíolachán ár gcluiche eagrán
theoranta Millionaire Raffle
go €12.4 milliún.

Once again, the success of our Scratch Card games was based on maintaining a wide range of innovative and compelling games for consumers. In the course of the year, we launched 22 different creative Scratch Card games, including Pink Panther, The Avengers and Money Magnet.

In addition, we continued eight of our ever popular Scratch Card games throughout 2012 including All Cash Gold and All Cash. We also offered players a variety of different prizes with Scratch Cards on sale at a range of price points between €1 and €10.

Scratch Card game players won a total of €107.2 million representing a prize payout level of 65% of sales. Instant prizes ranged from €2 to €100,000 and there was also an attractive array of non-cash prizes on offer including the popular Christmas hampers and shopping vouchers to the value of €200 for Hampers, Sweets & Treats and confectionery for our Easter Scratch Card, Eggstra Gold.

TV Game Shows

Among the more popular Scratch Card games during 2012 were Winning Streak and Big Money, those with associated TV Game Shows, which between them generated nearly 30% of total Scratch Card sales.

Throughout the year, a total of 300 players experienced the excitement of participating in the TV Game Shows. 240 Winning Streak players shared winnings of over €10 million while 60 Big Money players won a total of over €2.6 million between them. There were also 61 holidays won across both games and 36 cars on Winning Streak.

There were great wins on each of the TV Game Shows during the year. In June, Donal O'Brien from Struthan, Galway won €276,000 on Big Money, whilst on Winning Streak, Dermott Walsh from Clarion Village, Sligo won €299,100 in October.

Another highlight on Big Money was the hugely popular luxury trip to New York, where 36 players and their guests enjoyed the trip of a lifetime complete with €2,500 spending money.

Arís eile, bhí rath ar ár gcluichí Scríobcháartaí trí bhíthin sinne raon leathan cluichí nuálaíocha agus sár-mhealltacha a cur ar fáil do na tomhaltóirí. Le linn na bliana, sheolamar 22 cluiche Scríobcháartaí éagsúil agus cruthaitheach ar a n-áirítear Pink Panther, The Avengers agus Money Magnet.

Thairis sin, leanamar orainn le hocht gcinn dár gcluichí Scríobcháartaí mór-éilimh le linn 2012 ar a n-áirítear All Cash Gold agus All Cash. Thairgearmar raon Scríobcháartaí d'imreoirí ar phraghsanna éagsúla idir €1 agus €10.

Bhuaigh imreoirí na gcluichí Scríobcháartaí duais-chiste de €107.2 milliún arb ionann é agus 65% den díolachán. Bhí tob-duaiseanna ann dar luach idir €2 agus €100,000 agus de bhreis air sin bhí raon mealltach duaiseanna neamhairgid ar fáil ar a n-áirítear ciseacha Nollag agus dearbháin siopadóireachta dar luach €200 ar Chiseacha, ar Sweets & Treats agus milseogra dár Scríobcháarta Cásca, Eggstra Gold.

Seochluichí Teilifíse

I measc na gcluichí Scríobcháarta ba mhó éilimh le linn 2012 bhí Winning Streak agus Big Money, agus iadsan luaite le Seochluichí Teilifíse, a gnóthaigh nach mór 30% de dhíolachán iomlán na Scríobcháartaí.

Le linn na bliana, bhlaís iomlán de 300 imreoir an geidimín a ghabhann le páirt a ghlacadh i Seochluiche Teilifíse. Roinneadh breis is €10 milliún ar 240 bhuaiteoir Winning Streak agus bhuaigh 60 imreoir Big Money iomlán de €2.6 milliún eatarthu. Buadh iomlán de 61 duine saoire idir an dá chluiche agus buadh 36 gluaisteán ar Winning Streak.

Bhí mór-bhuanna ann ar an dá Sheochluiche Teilifíse le linn na bliana. Mí an Mheithimh, bhain Donal O'Brien ón Sruthán, Gaillimh, €276,000 ar Big Money agus ar Winning Streak bhain Dermott Walsh ó Shráidbhaile an Ghalltrumpa, Sligeach, €299,100 mí Dheireadh Fómhair.

Buaicphointe eile ar Big Money ba ea an só-turas mór-éilimh go Nua-Eabhrac, ar bhain 36 imreoir gona n-aíonna spraoi as turas ar dóigh maille le hairgead póca de €2,500.



Millionaire Raffle

Sales of our limited edition Millionaire Raffle game increased by 47.6% to €12.4 million as we held three draws in 2012 compared to two in 2011. Easter Raffle, Summer Raffle and Christmas Raffle games were timed to coincide with festive and celebratory occasions and all were very successful.

The Easter Raffle was promoted around gifting occasions including Valentine's Day, Mother's Day, St Patrick's Day, and of course, Easter itself and sold out during the Easter weekend. The top €1 million prize was won by a ticket bought in Superquinn, Swords, Dublin.

A second millionaire was created in the Summer when there was another Dublin winner by a ticket bought at Londis, Upper Liffey Street, Dublin.

Our end of year Millionaire Raffle draw was broadcast live from College Green, Dublin on RTE TV as part of The Gathering New Year's Eve show and watched by close to 500,000 viewers. This time the winner of the top €1 million prize bought their ticket in Sweeneys SuperValu, Dungloe, Co Donegal.

Millionaire Raffle players shared a total prize fund of €6.3 million. In addition to the three millionaire winners there were also three winners of the €250,000 prizes, seven winners of the €100,000 prizes and a total of 3,333 winners in all.

TellyBingo

Our popular TellyBingo game generated sales of €17.3 million in 2012, slightly down on the sales of €17.7 million in the previous year.

Players shared €12.9 million in prizes and participated in several special promotions in 2012. During the year, we had 156 Phone Risk winners who shared over €440,000.

In both May and November, an extra €50,000 was added to the Snowball prize, while special bonus prizes were added on a further two occasions. In September, one outright Snowball winner picked up a bonus prize of a Toyota Avensis worth €25,000 and in December, a further bonus prize of a Mazda 3 Sports SE car, again worth €25,000, was won. There were 26 winners of the sought after Snowball prize throughout 2012, with big wins of €105,000 for one lucky winner who bought their ticket in Listowel, Co Kerry in June and a shared €105,000 prize in November for winning tickets sold in Drumcollogher, Co. Limerick and Ennis, Co. Clare.

Millionaire Raffle

Bhí méadú de 47.6% ar dhíolachán ár gcluiche eagrán theoranta Millionaire Raffle go €12.4 milliún ón uair gur reáchtálar trí chrannchur i 2012 i gcomparáid le dhá cheann i 2011. Eagraíodh Crannchur na Casca, Crannchur an tSamhraidh agus Crannchur na Nollag tráth féilte agus ócáidí ceiliúrtha agus d'éirigh thar cionn leo go léir.

Cuireadh Crannchur na Cásca chun cinn tráth ócáidí tugtha féiríní, Lá San Vailintín, Lá na Máithreacha, Lá Fhéile Pádraig agus, ar ndóigh, an Cháisc fhéin san áireamh agus bhí sé díolta amach i rith dheireadh seachtaine na Cásca. Ticéad a ceannaíodh i Superquinn, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, a bhain an bharr-dhuais de €1 milliún.

Rinneadh milliúnaí den dara duine le linn an tSamhraidh nuair a bhuaigh Baile Átha Cliathach eile le ticéad a ceannaíodh i Londis, Sráid na Life Uachtarach, Baile Átha Cliath .

Craoladh ár gcrannchur Millionaire Raffle do dheireadh na bliana beo ó Fhaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath, ar theilifís RTÉ mar chuid de sheó Oíche na Sean Bhliana an Gathering agus bhí beagnach 500,000 de ucht féachana aige. An uair seo, cheannaigh buaiteoir na barr-dhuaise de €1 milliún an ticéad i Sweeneys SuperValu, An Clochán Liath, Co. Dhún na nGall.

Roinneadh duais-chiste de €6.3 milliún ar imreoirí Millionaire Raffle. Anuas ar an triúr buaiteoir ar milliúnaithe iad, bhí triúr eile a bhain duaiseanna de €250,000, seachtar a bhain duaiseanna de €100,000 agus bhí iomlán de 3,333 buaiteoir ann ar fad.

TellyBingo

Thuill ár gcluiche mór-éilimh TellyBingo díolachán de €17.3 milliún i 2012. Titim bheag é seo ar dhíolachán de €17.7 milliún sa bhliain roimhe sin.

Roinneadh luach €12.9 milliún de dhuaiseanna ar na himreoirí agus ghlacadar siúd páirt i scata promóisean speisialta i 2012. Le linn na bliana bhí 156 buaiteoir Phone Risk againn agus roinneadh €440,000 orthu.

I mí na Bealtaine agus i mí na Samhna, araon cuireadh €50,000 breise leis an duais Snowball agus cuireadh duaiseanna speisialta bónais leis ar dhá ócáid eile. Mí Mheán Fómhair, bhain buaiteoir amháin glan amach duais bónais de Toyota Avensis, arbh fhiú €25,000 é, agus i mí na Nollag, buadh duais bónais bhreise de charr Mazda 3 Sports SE, arbh fhiú €25,000 eile é. Bhuaigh 26 duine an duais mhór-thóra Snowball le linn 2012 agus bhí buanna móra le mór-dhuais de €105,000 ag

Daily Million

I'm very pleased to report that our new Daily Million game, launched in September 2012 with the support of a major advertising campaign, performed ahead of expectations and generated sales of €10.8 million in its first four months, including €3.0 million Daily Million Plus sales.

Players have won €6.0 million in prizes and we have already created four new Daily Million millionaires from winning tickets bought in Centra, Kingswood Heights, Dublin 24; Centra, Moylish, Co Limerick; Paperview, Crescent Shopping Centre, Limerick and SuperValu, Clifden, Co Galway. In addition, 18 Match 5 winners received €10,000 each.

In the Daily Million Plus game, we had three winners of the top €500,000 prize from tickets purchased in Pat's Stores, Kingscourt, Co Cavan; Ryan's Centra, Askeaton, Co Limerick and Eason, Ballincollig, Co Cork. There were also 14 winners of the €5,000 Match 5 prize.

buaiteoir ádhúil a cheannaigh ticéad i Lios Tuathail, Co. Chiarraí, agus bhí duais eile de €105,000 mí na Samhna a roinneadh ar thicéid a ceannaíodh i nDrom Collachair, Co. Luimnigh, agus in Inis, Co. an Chláir.

Daily Million

Cúis áthais ar leith dom a thuairisciú gur fheidhmigh ár gcluiche nua Daily Million, a seoladh mí Mheán Fómhair 2012, le tacaíocht ó mhór-fheachtas fógraíochta, níos fearr ná mar a rabhthas ag súil leis agus tá díolachán de €10.8 milliún bainte amach aige sna ceithre mhí tosaigh dá shaolré, €3.0 milliún ó dhíolachán Daily Million Plus san áireamh.

Tá duaiseanna dar luach €6.0 milliún buaite ag na himreoirí agus rinneamar milliúnaithe de cheathrar a cheannaigh ticéid i Centra, Arda Choill an Rí, Baile Átha Cliath 24; Centra, Maoilis, Co Luimnigh; Paperview, Siopalann an Chorráin, Luimneach; agus SuperValu, An Clochán, Co. na Gaillimhe. De bhreis air sin, bhain 18 buaiteoir Match 5 €10,000 an duine.

I gcluiche Daily Million Plus, bhí triúr buaiteoir againn a bhain an bharr-dhuais de €500,000 le ticéid a cheannaigh siad i Pat's Stores, Dún an Rí, Co. an Chabháin; Ryan's Centra, Eas Géitine, Co. Luimnigh, agus Eason, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí. Thairis sin, bhí 14 buaiteoir de dhuais Match 5 dar luach €5,000.

€8.7
million

The National Lottery online sales channel continued its growth trend in 2012 with a 43% increase in sales to €8.7 million, up from €6.1 million in the previous year.

Lean cainéal díolacháin ar líne an Chranchnuir Náisiúnta de bheith ag fás i 2012 le méadú 43% ar dhíolachán go dtí €8.7 milliún – ardú ó €6.1 milliún an bhliain roimhe sin.





Daily Million was an evolution from our previous games Monday Million and All or Nothing. Building on the best features of both, it is already outperforming both these games combined.

Up until the Monday Million game was discontinued in September, it achieved sales of €8.1 million, while Monday Million Plus generated a further €3.3 million in sales. During 2012, players won €6.4 million in Monday Million prizes.

The All or Nothing game generated sales of €3.9 million and paid out €2.4 million in prizes until it was amalgamated in September.

Play Online

The National Lottery online sales channel continued its growth trend in 2012 with a 43% increase in sales to €8.7 million, up from €6.1 million in the previous year.

Given the regulatory restrictions with regard to online registration and promotion, we are still operating with a relatively small base of online players.

Notwithstanding these limitations, there was a 48% increase in the number of registered online players in 2012, with a further 13,000 players signing up during the year to bring the total number of activated Play Online accounts to 40,000 by the end of the year.

We launched 18 new play online instant win games in 2012, bringing the total number of games in our portfolio to 33. We also made Daily Million and Daily Million Plus available on the Play Online channel. In September, we launched a mobile friendly website to allow ease of access from smart phones.

Our biggest online win of the year was in July when a Dublin based player won a €3 million Lotto jackpot from an online play. In the previous month, a Wicklow online player won a €500,000 EuroMillions Plus prize.

Operations

During 2012, the number of transactions processed was 245 million and the National Lottery staff managed 1,496 draws during the year. As we continued to develop our game portfolio with the launch of Daily Million, the number of draws has increased and we now have 32 separate draws each week, up from 27 in 2011.

B'éabhlóid é Daily Million ón dá chluiche a bhí againn roimhe, Monday Million agus All or Nothing. Agus é ag glacadh chuige féin na gnéithe is fearr uathu araon, tá torthaí an dá chluiche úd le chéile sáraithe aige.

Go dtí gur éiríodh as cluiche Monday Million mí Mheán Fómhair, bhí díolachán de €8.1 milliún bainte amach aige agus ghnóthaigh Monday Million Plus €3.3 milliún eile de dhíolachán. Le linn 2012, bhuaigh imreoirí luach €6.4 milliún de dhuaiseanna i Monday Million.

Bhí díolachán de €3.9 milliún ar an gcluiche All or Nothing agus íocadh amach luach €2.4 milliún de dhuaiseanna air go dtí gur cónascadh é mí Mheán Fómhair.

Imirt ar Líne

Lean cainéal díolachán ar líne an Chrannchuir Náisiúnta de bheith ag fás i 2012 le méadú 43% ar dhíolachán go dtí €8.7 milliún – ardú ó €6.1 milliún an bhliain roimhe sin.

I ngeall ar na srianta atá orainn maidir le clárúchán agus le cur chun cinn ar líne, táimid fós ag feidhmiú le bun-líon sách beag d'imreoirí ar líne.

In ainneoin na srianta seo bhí méadú 48% ar líon na n-imreoirí cláraithe ar líne i 2012. Shínigh 13,000 breise le linn na bliana rud a d'fhág líon de 40,000 cuntas gníomhach imeartha ar líne faoi dheireadh na bliana.

Sheolamar 18 cluiche nua tob-bhuachana 2012, rud a fhágann go bhfuil líon de 33 cluiche anois ann inár bpunann. Chuireamar Daily Million agus Daily Million Plus ar fáil freisin ar ár gcainéal Play Online. Mí Mheán Fómhair, sheolamar suíomh gréasáin atá saoráideach do theileafóin póca le go mbeadh sé éasca é a rochtain ó fhóin chliste.

Bhí an bua ar líne ba mhó againn mí Iúil nuair a bhuígh imreoir, a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath pota óir Lotto, arbh fhiú €3 milliún é, agus é ag imirt ar líne. An mhí roimhe, sin bhuaigh imreoir ar líne ó Chill Mhantáin duais EuroMillions Plus de €500,000.

Oibríochtaí

Le linn 2012 próiseáladh 245 milliún idirbheart agus bhainistigh foireann an Chrannchuir Náisiúnta 1,496 crannchur le linn na bliana. De réir mar a d'fhorbraíomar ár bpunann cluichí le seoladh Daily Million tháinig méadú ar líon na gcrannchur agus bíonn 32 crannchur ar leith againn gach seachtain – méadú ó 27 i 2011.



Review of Operations

Athbheithniú Oibríochtaí

By far our largest cost of sales component is prizes, which in 2012 accounted for €406.4 million. Other costs of sales reduced from €84.6 million to €81.7 million in the year under review. This category included payment of €45.4 million in agents' commission, representing 6% of sales. Administrative costs, including staff costs, were €19.1 million, down from €19.7 million in 2011.

Our retail agents across the country numbered 3,744 at the end of 2012, including some agents with multiple sales points in stores. Over 1,800 of these outlets have now been equipped with digital display screens on which we can effectively communicate up to the minute National Lottery news.

We continued to invest in our website and during 2012 launched a mobile optimised version. Over the course of the year, total visits to lottery.ie increased by 10% to 21 million visits, up from 19 million in 2011.

Our Facebook page launched in early 2012 performed above expectations and had over 60,000 fans by the end of the year when it was ranked 38th of all Irish Facebook pages for brands.

Throughout the year, we were proud to win a number of high profile awards in recognition of the quality and effectiveness of the work done by our experienced and expert staff. These included an All-Ireland Marketing Award (AIM) for our integrated advertising campaign for Scratch Cards, an An Post Integrated Direct Marketing Award for our EuroMillions campaign and a Shelflife National C-Store Best Marketing Campaign for our 25th Anniversary Campaign.

We also won a Social Media Award for the National Lottery Facebook page and a prestigious eircom Golden Spider award for the mobile optimised version of our website.

Corporate Responsibility

The National Lottery achieves its business objective of developing and operating National Lottery games to raise money for good causes in an efficient and socially responsible way. In doing so, we give priority to four main areas of corporate responsibility; responsible gaming, the community, our people and the environment.

Tá duaiseanna ar an gcomhpháirt is mó ar fad d'ár gcostais díolacháin. B'ionann iad i 2012 agus €406.4 milliún. Thit na costais díolacháin eile ó €84.6 milliún go dtí €81.7 milliún sa bhliain atá faoi chaibidil. Cuimsíonn an chatagóir seo €45.4 milliún a íocadh mar choimisiún na ngníomhairí. Is ionann é agus 6% den díolachán. Bhí costais riaracháin, ar a n áirítear costais foirne, ann de €19.1 milliún. Titim é seo ó €19.7 milliún i 2011.

Bhí líon de 3,744 gníomhaire miondíola againn ar fud na tíre faoi dheireadh 2012. Orthusan bhí gníomhairí áirithe a raibh il pointí díolacháin acu sna siopaí. Tá scáileáin taispeána digiteacha mar threalamh i mbreis is 1,800 de na hasraonta seo ar ar féidir leo nuacht suas-chun-dáta ón gCrannchur Náisiúnta a thaispeáint.

Leanamar orainn ag infheistiú inár suíomh gréasáin agus le linn 2012 sheolamar leagan atá saoráideach do theileafóin póca. Le linn na bliana bhí méadú 10% go 21 milliún ar líon na gcuartheanna a tugadh lotto.ie – ardú ó 19 milliún i 2011.

D'éirigh níos fearr ná mar a mheasamar lenár leathanach Facebook a seoladh go luath i 2012 agus faoi dheireadh na bliana bhí lucht leanúna d'os cionn 60,000 aige – tráth a raibh sé rangaithe mar uimhir 38 i measc leathanaigh Éireannacha Facebook do bhandaí.

Bhíomar mórtasach le linn na bliana i ngeall ar roinnt dámhachtainí ard-phróifíle a ghnóthaíomar mar aitheantas ar fheabhas agus ar éifeachtúlacht na hoibre a rinne ár bhfoireann a bhfuil idir thaithí agus sainscileanna acu. Orthusan bhí Dámhachtain Margaíochta Uile Éireann (AIM) d'ár bhfeachtas comhtháite fógraíochta do Scríobchátaí; Dámhachtain an Phoist ar Mhargaíocht Dhíreach Chomhtháite a ghnóthaigh ár bhfeachtas EuroMillions agus ceann Shelflife National C-Store ar an bhFeachtas Margaíochta is Fearr don fheachtas a sheolamar d'ár gComóradh 25 Bliain.

Bhuamar Dámhachtain na Meán Sóisialta as leathanach Facebook an Chrannchuir Náisiúnta agus dámhachtain ardháiliúil an Damháin Alla Órga ag Eircom as an leagan saoráideach do theileafóin póca d'ár suíomh gréasáin.

Freagracht Chorporáideach

Baineann an Crannchur Náisiúnta amach a chuspóir gnó chun cluichí an Chrannchuir Náisiúnta a fhorbairt is a reáchtáil le hairgead a ghnóthú do dheachúiseanna ar bhealach éifeachtach agus freagrach go sóisialta. Agus é seo á dhéanamh againn tugaimid tosaíocht do cheithre phríomh réimse freagrachta corparáidí: cluichíocht fhreagrach; an pobal; ár muintir is an timpeallacht.



Review of Operations

Athbheithniú Oibríochtaí

During 2012, our work in the area of responsible gaming was recognised with the award of World Lottery Association (WLA) Responsible Gaming Framework Level 4 certification. This is the highest level of Responsible Gaming certification available from the WLA and follows our receipt of the Certificate of Alignment with European Lotteries Responsible Gaming Standard in the previous year.

Further information on the National Lottery's Corporate Responsibility initiatives is available in our Responsible Gaming report on our website www.lottery.ie.

Good Causes

In the year in which we marked the 25th anniversary of the launch of Ireland's National Lottery, it was particularly satisfying to bring the level of funds raised for good causes to over €4 billion.

During 2012, we raised a further €225.3 million for good causes bringing the cumulative total since 1987 to more than €4.2 billion. This was a significant achievement and made a valuable difference to communities, projects and individuals in the areas of Health & Welfare, Youth, Sports, Recreation & Amenities, Arts, Culture & National Heritage and the Irish Language.

Throughout this annual report you will see examples of recipients of National Lottery funding and read about the difference the funding has made to individuals and communities throughout Ireland.

In 2012, we published four issues of The Spark, the National Lottery's beneficiary newsletter which highlights many of the good causes that have received National Lottery funding countrywide.

One such project is Barnardos Ireland which works with families to break the cycle of poverty and educational disadvantage. We also featured the work done by the Society of St Vincent de Paul and the Simon Community, which both received valuable support from the National Lottery as demand for their services increased in recent years.

Le linn 2012, aithníodh ár n-obair i réimse na cluichíochta freagraí nuair a bhronn an World Lottery Association (WLA) deimhniúchán Leibhéal 4 den Responsible Gaming Framework orainn. Seo an leibhéal is airde deimhniúcháin ar Chluichíocht Fhreagrach a bhfuil fáil air ón WLA agus leanann sé bronnadh Teastas Ailínithe leis an gCaighdeán Eorpach um Chluichíocht Fhreagrach orainn ag Tionól Ginearálta na gCrannchur Eorpach an bhliain roimhe sin.

Tá eolas breise ar thionscnaimh an Chrannchuir Náisiúnta i leith Freagrachta Corparáidí le fáil inár dtuarascáil ar Chluichíocht Fhreagrach ar ár suíomh gréasáin - www.lottery.ie

Dea-chúiseanna

B'ábhar sásaimh ar leith dúinn sa bhliain inar chomóireamar seoladh Chrannchur Náisiúnta na hÉireann 25 bliain ó shin gur shroich an méid airgid a fuair dea chúiseanna suim de bhreis is €4 billiún.

Le linn 2012, ghnóthaíomar €225.3 milliún breise, rud a thóg an foriomlán cnuasaithe ó 1987 go dtí breis is €4.2 billiún. Éacht suntasach a bhí anseo a rinne difríocht luachmhar do phobail, do thionscadail agus do dhaoine aonair i réimsí saoil mar Sláinte is Leas, Óige, Spóirt, Fóillíocht & Áiseanna, na hEalaíona, Cultúr is Oidhreacht Náisiúnta agus an Ghaeilge.

Sa tuarascáil bhliantúil seo feicfead samplaí d'fhaighteoír maoinithe ón gCrannchur Náisiúnta agus léifear faoin difríocht a rinne an maoiniú seo do dhaoine aonair is do phobail ar fud na hÉireann.

I 2012, d'fhoilsíomar ceithre eagrán de The Spark, nuachtlitir thairbhíthe an Chrannchuir Náisiúnta, a phoiblíonn go leor de na dea-chúiseanna a fuair maoiniú ón gcrannchur Náisiúnta ar fud na tíre.

Tionscadal amháin díobhsan is ea Barnardos Ireland a ghníomhaíonn le teaghlaigh chun timthriall na bhochtaineachta is an mhíbhuntáiste oideachasúil a chloí. Léiríomar chomh maith an obair atá ar bun ag Cumann N. Uinseann de Pól agus ag Clann Shíomóin. Fuaireadar araon tacaíocht luachmhar ón gCrannchur Náisiúnta de réir mar a tháinig méadú ar an éileamh ar a gcuid seirbhísí le blianta beaga anuas.



Irish sport is an area which benefits greatly from National Lottery funding, and in 2012, support was provided through the Irish Sports Council and the Irish Amateur Boxing Association to our many athletes who competed in the Olympic Games in London, including medal winners Katie Taylor, John Joe Nevin, Paddy Barnes, Michael Conlan and Cian O'Connor.

In the arts category, regional arts venues, including Glór in Co. Clare, the Visual Centre for Contemporary Art and George Bernard Shaw Theatre in Carlow and Ramor Theatre in Co Cavan, play an important role in the cultural and artistic life of the local communities, demonstrating the positive impact of National Lottery funding.

We also continued to provide funding for Irish language initiatives such as Fiontar, the Dublin City University based research project that developed the internationally acclaimed national terminology database and the placenames of Ireland database.

The Future

Our objective is to maintain our position as one of the top rated national lotteries internationally as we achieve our mission of operating a world-class lottery for the people of Ireland and raising funds for good causes.

During 2013, we plan to continue to focus on the development of the National Lottery across all our game categories and channels. For Lotto, Ireland's premier game, we will be implementing a new style advertising campaign. We will also focus on promoting the recently introduced Daily Million game and, in conjunction with our EuroMillions partners, will be introducing some exciting promotions on this pan European Game.

The Department of Public Expenditure and Reform is currently in the process of conducting a competition for the next lottery licence which is expected to commence from 2014. This process is expected to modify the restrictions on the Play Online channel which will allow us to expand our business in this increasingly important area.

We in the National Lottery are fully committed to the innovative development of our game portfolio and continued business efficiency, as we look forward to a new licence to operate Ireland's National Lottery, building on the success we have achieved to date, for the benefit of future generations.

Dermot Griffin

Chief Executive | Príomhfheidhmeannach
19 February, 2013 | 19 Feabhra, 2013

Réimse a bhaineann an-tairbhe as maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta is ea cúrsaí spóirt na hÉireann. I 2012 soláthraíodh tacaíocht tríd an gComhairle Spóirt agus trí Chumann Dornálaíochta Amaitéaraí na hÉireann don líon mór lúthchleasaí a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha i Londain – ina measc buaiteoirí bonn dála Katie Taylor, John Joe Nevin, Paddy Barnes, Michael Conlan agus Cian O'Connor.

I réimse na n-ealaíon, glacann lárionaid ealaíne réigiúnacha, dála Glór i gCo. an Chláir, an tIonad Amharaíochta d'Ealaíon Chomhaimseartha, Amharclann George Bernard Shaw i gCeatharlach agus Amharclann Ramor i gCo. an Chabháin, ról tábhachtach i saol cultúrtha agus ealaíne phobail áitiúla – rud a léiríonn éifeacht dhearfach mhaoiniú an Chrannchuir Náisiúnta.

Leanamar freisin de bheith ag maoiniú roinnt tionscadal Gaeilge dála Fiontar, tionscadal thaighde Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a d'fhorbair an bunachar náisiúnta téarmaíochta, a bhfuil cáil idirnáisiúnta air, agus bunachar de logainmneacha na hÉireann.

A bhfuil Romhainn

Tá mar aidhm againn ár n-áit mar cheann de na crannchuir is airde rátála go hidirnáisiúnta a choinneáil agus sinn ag comhlíonadh ár misean trí chrannchur de chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann agus airgead a ghnóthú do dhea-chúiseanna.

Tá beartaithe againn le linn 2013 leanúint de bheith ag díriú ar fhorbairt an Chrannchuir Náisiúnta thar ár gcatagóirí is ár gcainéil cluichí uile. I gcás Lotto, príomh-chluiche na hÉireann, beidh feachtas fógraíochta ar stíl úrnua a chur i bhfeidhm againn. Díreimid freisin ar ár gcluiche nua sheolta Daily Million a chur chun cinn agus, i bpáirt lenár bpáirtithe i EuroMillions, beidh roinnt promóisean corraitheach á dtabhairt isteach againn sa chluiche uile-Eorpach seo.

Faoi láthair tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mbun próiseas chun comórtas a sheoladh don chéad cheadúnas crannchuir eile, a cheaptar a thosóidh ó 2014. Ceaptar go maolóidh an próiseas seo na srianta ar an gcainéal imirt ar líne – rud a ligfeadh dúinn ár ngnó a fhorbairt sa réimse seo a bhfuil a thábhacht ag síor-mhéadú.

Táimidne, sa Chrannchur Náisiúnta, lán-tiomnaithe do fhorbairt nuálaíoch ár bpunann chluichíochta agus ár n-éifeachtúlacht ghnó leanúnach agus táimid ag súil le ceadúnas nua a fháil chun Crannchur Náisiúnta na hÉireann a reáchtáil agus sinn ag tógáil ar a bhfuil bainte amach go nuige seo do na glúine atá le teacht.



Build4Life

- ★ **Cork University Hospital**
 - ★ **Cystic Fibrosis Patient Care**
-

Build4Life

- ★ **Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh**
 - ★ **Cúram Othar le Fibróis Chisteach**
-

Build4Life is Ireland's second largest Cystic Fibrosis charity and it funds care for patients in Cork University Hospital.

With the help of National Lottery funding, through the Department of Health, a dedicated ward in Cork University Hospital has been established for inpatient care for adults with Cystic Fibrosis and other chronic respiratory illnesses. Build4Life also funds a children's outpatient clinic in the hospital.

These dedicated facilities provide a healthier environment and a better prognosis for Cystic Fibrosis patients.

Is é Build4Life an dara cumann carthanachta fibróise chistí is mó in Éirinn agus maoiníonn sé cúram d'othair in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh.

Le cúnamh mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta, tríd an Roinn Sláinte, tá barda tiomnaithe bunaithe in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, do chúram cónaitheach le haghaidh daoine fásta a bhfuil Fibróis Chisteach agus tinnis riospráide ainsealacha eile orthu. Maoiníonn Build4Life freisin clinic d'othair ar páistí iad san ospidéal.

Soláthraíonn na háiseanna seo timpeallacht níos sláintiúla agus prognóis níos fearr d'othair le Fibróis Chisteach.



Improving Outcomes

Pamela O'Connor from Cork is a Cystic Fibrosis patient in Cork University Hospital. She uses the facilities of the dedicated ward in the hospital, which has been assisted by National Lottery funding.

Othar ó Chorcaigh, a bhfuil Fibróis Chisteach uirthi, í Pamela O'Connor. Baineann sí úsáid as na háiseanna sa barda tiomnaithe san ospidéal a bhfuil cúnamh maoinithe á fhail aige ón gCrannchur Náisiúnta.



Our Players

Ár nImreoirí



Orla Davis from Dublin won the first ever National Lottery Facebook competition in April 2012. The National Lottery launched its Facebook page in January 2012 and at the end of its first year, had over 60,000 fans.

Bhuaigh Orla Davis ó Bhaile Átha Cliath an chéad chomórtas Facebook de chuid an Chrannchuir Náisiúnta mí Aibreáin 2012. Sheol an Crannchur Náisiúnta a leathanach Facebook mí Eanáir 2012 agus faoi dheireadh a chéad bhliana bhí os cionn 60,000 de lucht leanúna aige.



Cavan's Dermott Walsh won €299,100 on the National Lottery Winning Streak TV Game Show in October 2012. He bought his winning Scratch Card in the Sligo Motor Co. Ltd, Ballinode, Sligo.

Bhuaigh Dermott Walsh ón gCabán €299,100 ar Sheóchlúiche Teilifíse Winning Streak de chuid an Chrannchuir Náisiúnta mí Dheireadh Fómhair 2012. Cheannaigh sé a scríobchárta, a bhain an duais, sa Sligo Motor Co. Ltd., Béal Átha an Fhóid, Sligeach.

€131.2 million

Lotto players shared €131.2 million in prizes and overall 23 new Lotto millionaires were created during 2012.

Roinneadh luach €131.2 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí Lotto agus cruthaíodh 23 milliúnaí nua Lotto le linn 2012.



Julianne Mullin from Co. Fermanagh had five hundred thousand reasons to smile when she won €500,000 in the EuroMillions Plus draw in January 2012. Julianne bought her lucky ticket in McCaugheys, South Mall Shopping Centre in Monaghan town.

Bhí cúig chéad míle cúis ag Julianne Mullin ó Cho. Fhear Manach le haoibh an gháire a bheith uirthi nuair a bhuaigh sí €500,000 i gcrannchur EuroMillions Plus mí Eanáir 2012. Cheannaigh Julianne a ticéad ádhúil i siopa McCaugheys, Siopalann an Mheal Theas i mbaile Mhuineacháin.




Clontibret, Co. Monaghan came up trumps in November 2012 when 22 colleagues from the Treanor Stone-Tec company won €226,567 in EuroMillions. The colleagues shared the five number and one lucky star EuroMillions prize equally with each taking home €10,298.50.

Bhí rath ar Chluain Tiobrad, Co. Mhuineacháin, mí na Samhna 2012 nuair a bhain 22 comhghleacaí i gcuideachta Treanor Stone-Tec €226,567 i EuroMillions. Roinn na comhghleacaithe an duais EuroMillions, a raibh cúig uimhir agus réalta ádhúil amháin, aici, go cothrom ar a chéile agus thóg gach duine €10,298.50 abhaile leis.

€65.7 million ★

In Ireland, EuroMillions players shared winnings of €65.7 million as an average of over 100,000 players won prizes every week.

In Éirinn, roinneadh iomlán de €65.7 milliún ar bhuaiteoirí agus bhain breis is 100,000 imreoir duais gach seachtain.



Taibhdhearc na Gaillimhe is the national Irish language theatre of Ireland. Founded in 1928, its aim is to promote and develop Irish language theatre.

With help from National Lottery funding, through the Department of Arts, Heritage & the Gaeltacht, this celebrated and historic theatre produces a diverse range of entertainment, including dramas, dance, opera, musicals, pantomime and children's theatre, and provides a venue for visiting Irish language theatre companies to showcase their work.

Is é Taibhdhearc na Gaillimhe amharclann náisiúnta na Gaeilge in Éirinn. Bunaíodh é i 1928 agus tá mar aidhm aige amharclannaíocht i nGaeilge a fhorbairt is a chur chun cinn.

Le cúnamh maoinithe ón gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta, cuireann an amharclann mhór-chlú, stairiúil seo raon leathan siamsaíochta, ar a n áirítear drámaí, rince, ceoldrámaí, ceolsiamsaí, geamaireachtaí agus amharcannaíocht do pháistí ar fáil agus soláthraíonn sí ionad do chomplachtaí drámaíochta Gaeilge ar cuairt chun a gcuid saothair a thaispeáint.

Taibhdhearc na Gaillimhe
★ Galway
★ Irish Language Drama

Taibhdhearc na Gaillimhe
★ Gaillimh
★ Drámaíocht Ghaeilge

Creating Drama

Noel McKee, Technical Manager and John Burke, Actor, work in Taibhdhearc, providing Irish language drama to local, national, international and youth audiences throughout the year.

Bíonn Noel McKee, Bainisteoir Teicniúil, agus John Burke, aisteoir, ag obair sa Taibhdhearc ag cur drámaíocht i nGaeilge ar fáil do lucht féachana áitiúil, náisiúnta, idirnáisiúnta agus óige le linn na bliana.

Board of Directors

An Bord Stiúrtha



Left to Right | Clé go Deas: 1. Oliver Wilkinson, 2. Donal Connell, 3. Caroline Murphy, 4. Peter Quinn, 5. Mícheál Ó Muircheartaigh, 6. Jack Dempsey, 7. Dermot Griffin

1. Oliver Wilkinson,

Director | Stiúrthóir

Appointed 6 November, 2010; third term

Ceaptha 6 Samhain, 2010; tríú téarma

Mr. Wilkinson is a farmer in Co. Waterford and chairman of Cappoquin Community Development Company Limited. He has had a long career in local and national politics and was a member of Waterford County Council for 17 years until 2002. He was mayor of Waterford County Council in 2001/2002 and a member of Dáil Éireann from 2002 until 2007.

Feirmeoir i gCo. Phort Láirge é Oliver Wilkinson agus tá sé ina Chathaoirleach ar an Cappoquin Community Development Company Limited. Tá saolré fada caite aige sa pholaitíocht ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil. Bhí se ina bhall de Chomhairle Chontae Phort Láirge ar feadh 17 mbliana go dtí 2002. Bhí sé ina mhéara ar Chomhairle Contae Phort Láirge i 2001/2002 agus ba theachta é i nDáil Éireann ó 2002 go 2007.

2. Donal Connell,

C.Eng., F.I.E.I., B.E.

Chairman | Cathaoirleach

Appointed 6 November, 2011; third term

Ceaptha 6 Samhain, 2011; tríú téarma

Mr. Connell is Chief Executive of An Post, having been appointed to that position in August 2006. He began his career in the Department of Post and Telegraphs and has held senior management positions in Unitrode Ireland, 3Com Ireland and Maxtor Ireland where he was General Manager prior to joining An Post. He is an executive director of An Post and a non-executive director of Xilinx Corporation's European Board.

Is é Donal Connell Príomhfheidhmeannach an Phoist. Ceapadh é sa phost sin mí Lúnasa 2006. Thosaigh sé a shaolré oibre sa Roinn Poist agus Teileagraf agus bhí poist bhainistíochta shinsearacha aige in Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland, áit a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé isteach in An Post. Stiúrthóir feidhmiúcháin é ar An Post agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar Bhord Eorpach Xilinx Corporation.



3. Caroline Murphy,

BA, HDip Psych, MA Psych
Director | Stiúrthóir
Appointed 6 November, 2010; first term
Ceaptha 6 Samhain, 2010; an chéad téarma

Ms. Murphy is an organisational psychologist who specialises in Media and Communication Consultancy and Training and Web TV production. She is also a well-known broadcaster and can be heard presenting ‘It Says in the Papers’ on RTÉ’s Morning Ireland. She has worked previously for RTÉ both as a producer and as a presenter of programmes on television and radio. She is a board member of the Family Support Agency and of the National Sports Campus Development Authority.

Síceolaí eagraíochta í Caroline Murphy a dhéanann sainchúram d’Obair Chomhairleachta is Oiliúna sna Meáin agus i gCumarsáid agus freisin i léiriúchán Teilifíse Gréasáin. Craoltóir aithnidiúil í chomh maith agus bíonn sí le cloisteáil ar ‘It Says in the Papers’ ar chlár Morning Ireland ar RTÉ. Roimhe seo d’oibrigh sí do RTÉ mar léiritheoir agus mar láithreoir chlár ar an teilifís agus ar an raidió. Comhalta í de bhord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh is d’Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt.

4. Peter Quinn,

B.Comm., F.C.A., M.B.A.
Director | Stiúrthóir
Appointed 16 February, 2012; first term
Ceaptha 16 Feabhra, 2012; an chéad téarma

Mr. Quinn is Chief Financial Officer of An Post, having been appointed to that position August 2004. Prior to this he held senior financial and strategic positions in PJ Carroll and Company plc and Monaghan Mushrooms Limited. He is a Chartered Accountant and trained in practice with KPMG.

Príomhoifigeach Airgeadais an Phoist é an tUas. Quinn agus tá sé sa phost sin ó mhí Lúnasa 2004 i leith. Roimhe sin bhí poist shinsearach airgeadais agus straitéiseacha aige le PJ Carroll agus a Chuideachta cpt agus le Monahan Mushrooms Limited. Cuntasóir Cairte é agus oileadh é i KPMG.

5. Micheál Ó Muircheartaigh,

N.T., B.A., B.Comm., H.D.E., D.P.A.
Director | Stiúrthóir
Appointed 6 November, 2012; seventh term
Ceaptha 6 Samhain, 2012; seachtú téarma

Mr. Ó Muircheartaigh is a sports journalist and was a sports commentator with RTÉ since 1949 until he retired in 2010. He is a founder member of Gaelscoil Oilibhéir serving the Blanchardstown / Clonsilla / Castleknock area of Dublin and acted as Chairman of that school board for three terms. He has served as President of Gaelscoileanna, the national organisation for Irish-medium schools and he was a member of Bord Na Gaeilge for nine years and Chairman for seven. He also served as Chairman of the Board of Guaranteed Irish for nine years.

Triseoir spóirt é Micheál Ó Muircheartaigh agus ba thráchttaire spóirt é le RTÉ ó 1949 i leith go dtí gur éirigh sé as i 2010. Duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Oilibhéir é, scoil a fhreastalaíonn ar cheantar Bhaile Bhlainséir / Chluain Saileach / Chaisleán Cnucha i mBaile Átha Cliath, agus chaith sé trí théarma mar Chathaoirleach ar bhord na scoile. Bhí sé ina Uachtarán ar Ghaelscoileanna, an eagraíocht náisiúnta do scoileanna lán-Ghaeilge. Ba chomhalta é de chuid Bhord na Gaeilge ar feadh naoi mbliana agus é ina Chathaoirleach air ar feadh seacht mbliana. Ba Chathaoirleach é chomh maith ar Bhord Guaranteed Irish ar feadh naoi mbliana.

6. Jack Dempsey,

B.Comm., M.B.A., M.P.A.
Company Secretary | Rúnaí Cuideachta
Appointed 21 March, 2011; first term
Ceaptha 21 Marta, 2011; an chéad téarma

Mr. Dempsey joined the Post Office in 1968 as an Executive Officer in the Department of Posts and Telegraphs. During his career, he has gained wide experience in all aspects of postal operations and commercial activities, both national and international, occupying a variety of senior management positions across An Post. He was appointed as Company Secretary in March 2011.

Chuaigh Jack Dempsey chun oibre le hOifig an Phoist i 1968 mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Poist agus Teileagraf. Le linn a shaol oibre fuair sé taithí an-leathan ar gach gné d’oibríochtaí poist agus tráchtála, go náisiúnta is go hidimáisiúnta, agus é ceaptha i raon de phoist shinsearach bainistíochta in An Post. Ceapadh é ina Rúnaí Cuideachta mí an Mhárta 2011.

7. Dermot Griffin,

B.Comm., F.C.C.A.
Director | Stiúrthóir
Appointed 6 November, 2012; fourth term
Ceaptha 6 Samhain, 2012; an ceathrú téarma

Mr. Griffin joined An Post National Lottery Company in June 2005 as Chief Operating Officer and he was appointed as Chief Executive in June 2006. He joined the Company from Vodafone Ireland where he was Commercial Director, having previously held the positions of Business Development Director and Finance Director in that company. He commenced his career with KPMG, Chartered Accountants. He is a non-executive director of Services Aux Loteries En Europe which manages the EuroMillions game.

Chuaigh Dermot Griffin isteach i gComhlacht Chrannchur an Phoist mar Phríomhoifigeach Oibríocháin mí an Mheithimh 2005 agus ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach mí an Mheithimh 2006. Tháinig sé isteach sa Chomhlacht ó Vodafone Ireland, áit a raibh sé ina Stiúrthóir Tráchtála tar éis dó bheith ina Stiúrthóir Forbartha Gnó agus ina Stiúrthóir Airgeadais roimhe sin ag an gcuideachta úd. Thosaigh sé a shaolré oibre le KPMG, Cuntasóirí Cairte. Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar Services Aux Loteries En Europe a bhainistíonn an cluiche EuroMillions.

Management Team

An Bhainistíocht



Left to Right | Clé go Deas: 1. Harry Cooke, 2. Nigel Scully, 3. Dermot Griffin, 4. Peter Plunkett, 5. Eddie Banville, 6. Declan Harrington

1. Harry Cooke

M.Sc.(Mgmt.), Dip. Applied Fin.
Head of Operations
and Corporate Affairs
Ceann ar Oibríochtaí agus
Gnóthaí Corparáideacha

2. Nigel Scully

B.B.S., M.B.S.
Head of Sales
Ceannasaí Díolacháin

3. Dermot Griffin

B.Comm., F.C.C.A.
Chief Executive
Príomhfheidhmeannach

4. Peter Plunkett

B.Sc., M. Ind. Eng.
Head of IT
Ceann ar TF

5. Eddie Banville

M.Sc., MGrad, FMII
Head of Marketing
Ceann Margaíochta

6. Declan Harrington

F.C.A.
Head of Finance
Ceann Airgeadais

Company Solicitor

Atur nae Comhlachta
Hugh O'Reilly

Bankers

Baincéirí
Bank of Ireland

Registered Office

General Post Office,
O'Connell Street, Dublin 1

Auditor

Iníúcháir
KPMG
Chartered Accountants

Solicitors

Atur nae
Matheson

Oifig Chláraithe

Ardoifig an Phoist,
Sráid Uí Chonaill, Baile Átha
Cliath 1



Index to the Financial Statements

Innéacs do na Ráitis Airgeadais

Report of the Directors	Tuarascáil na Stiúrthóirí	34
Statement of Directors' Responsibilities	Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	48
Report of the Independent Auditor	Tuarascáil an Iniúcháora Neamhspleách	49
Accounting Policies	Polasaithe Cuntasafóichta	52
Profit and Loss Account	Cuntas Brabúis agus Caillteanais	55
Balance Sheet	Clár Comhardaithe	56
Cash Flow Statement	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	57
Notes to the Financial Statements	Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	58

Report of the Directors

Tuarascáil na Stiúrthóirí

The Directors have pleasure in submitting their twenty sixth annual report, together with the audited financial statements of the Company, for the year ended 31 December, 2012, in fulfilment of their obligations under the Companies Acts, 1963 to 2012.

1. The Company

The Company carries on the business of operating the National Lottery under Licence from the Minister for Public Expenditure and Reform in accordance with the provisions of the National Lottery Act, 1986

80% of the issued share capital is held by An Post and 20% is held by the Minister for Public Expenditure and Reform.

2. Results for the Year

The results for the year are set out on page 55.

3. Business Review

The information required by Section 13 of the Companies (Amendment) Act, 1986, on the development of the business and important events, is included in the Chairman's Statement and Review of Operations on pages 7 to 23.

As described therein, the Company had a substantial surplus of €225m in 2012 (2011: €232m) to the benefit of the Beneficiary Fund. This resulted from sales of €735m in 2012 (2011: €761m).

In monitoring the Company's performance, the Directors and management have regard to a range of key performance indicators (KPIs).

KPI	2012	2011
Prizes as a percentage of sales	55.3%	55.5%
Operating costs as a percentage of sales	14.1%	14.0%
Surplus earned as a percentage of sales	30.6%	30.5%
Spend per capita	€160	€166
Number of retail outlets	3,744	3,705

Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a séú tuarascáil bhliantúil is fiche a chur i láthair, maille le ráitis airgeadais iniúchta an Chomhlachta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012, agus, dá réir, a gcuid dualgas faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012 á gcomhlíonadh acu.

1. An Comhlacht

Ritheann an Comhlacht a ghnó chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil le Ceadúnas ón Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe faoi réir fhorálacha an Achta um Crannchur Náisiúnta, 1986.

Tá 80% den scairchaipiteal eisithe i lámha An Phoist agus tá 20% ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

2. Torthaí na Bliana

Tá torthaí na bliana leagtha amach ar leathanach 55.

3. Athbhreithniú Gnó

Tá an t-eolas a éilítear faoi réir Alt 13 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, ar fhorbairt an ghnó agus ar imeachtaí tábhachtacha, clúdaithe i Ráiteas an Chathaoirligh agus san Athbhreithniú Oibríochtaí ar leathanaigh 7 go 23.

Mar atá ráite ansin, bhí barrachas substaintiúil de €225m i 2012 (2011: €232m) agus cuireadh é chun leasa Chiste na dTairbhíthe. D'éascair an toradh seo as díolachán de €735m i 2012 (2011: €761m).

Agus monatóireacht á dhéanamh acu ar fheidhmiú an chomhlachta, tógann na Stiúrthóirí agus an bhainistíocht aird ar raon d'eochairtháscairí feidhmiúcháin (ETFanna).

EFT	2012	2011
Duaiseanna mar chéatadán den díolachán	55.3%	55.5%
Costais oibríochta mar chéatadán den díolachán	14.1%	14.0%
Barrachas tuillte mar chéatadán den díolachán	30.6%	30.5%
Caiteachas per capita	€160	€166
Líon na n-asraon miondíola	3,744	3,705

The above KPIs are within the terms of the licence to operate the National Lottery.

The key risks and uncertainties facing the future development of the Company include the retention of the Company's licence to operate the National Lottery, the Company's significant reliance upon its IT infrastructure and retailer operations, the impact of general economic factors on the Company and the introduction of new games and channels. The Directors have developed a range of strategies to address these and other risks faced by the Company. The Corporate Governance Statement on page 36 sets out the Company's policies and approach to risks and the related internal control procedures and responsibilities.

4. Directors, Secretary and their interests

The Directors of the Company are appointed by the Minister for Public Expenditure and Reform for a fixed term, usually three years, and their conditions of appointment and fees are set out in writing.

Peter Quinn was appointed on 16 February, 2012. The terms of office of Dermot Griffin and Micheál Ó Muircheartaigh expired on 5 November, 2012 and they were reappointed on 20 December, 2012 with effect from 6 November, 2012.

The Directors and Secretary who held office at 31 December, 2012 had no interest in the shares in, or debentures of, the Company or any Group Company.

5. Employees

The Company and An Post, which provides seconded staff to the Company, are equal opportunities employers. All applications for employment are given full and fair consideration, due regard being given to the aptitude and ability of the individual and the requirements of the position concerned.

All persons are treated on equal terms as regards training, career development and promotion.

Tá na EFTanna thuasluaite taobh istigh de théarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil.

Ar na heochair-rioscaí agus na neamhchinnteachtaí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, má táthar leis an gComhlacht a fhorbairt, tá coinneáil cheadúnas an Chomhlachta chun an Crannchur Náisiúnta a rith, chomh mór is atá an Comhlacht i dtuilleamaí a infreastruchtúr TF agus a oibríochtaí miondíola, éifeacht tosca eacnamaíochta ginearálta ar an gComhlacht agus cluichí is cainéil nua do theacht isteach. Tá raon straitéisí forbartha ag na Stiúrthóirí chun plé leo seo agus le rioscaí eile a gcaithfidh an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu. Tá polasaithe agus cur chuige an Chomhlachta maidir le rioscaí agus gnáthaimh inmheánacha rialaithe gaolmhara leagtha amach sa Ráiteas ar RialachasCorparáide ar leathanach 36.

4. Stiúrthóirí, Rúnaí agus a leas tairbhiúil

Is é an tAire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe a cheapann Stiúrthóirí an Chomhlachta do thréimhse réamhshocraithe, trí bliana sa ghnáthshlí, agus leagtar amach a dtéarmaí ceapacháin agus a dtáilí i scríbhinn.

Ceapadh Peter Quinn ar 16 Feabhra 2012. Tháinig tréimhsí oifige Dermot Griffin agus Micheál Ó Muircheartaigh chun críche ar 5 Samhain 2012 agus athcheapadh iad ar 20 Nollaig 2012 le feidhm ó 6 Samhain 2012.

Ní raibh leas tairbhiúil, scaireanna sa Chomhlacht ná bintiúir a bhain leis nó le haon Ghrúp Chuideachta ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig 2012.

5. Fostaithe

Fostóirí comhdheise iad an Comhlacht agus An Post, a sholáthraíonn foireann ar shealscarúint don Chomhlacht. Cuirtear gach iarratas ar fhostaíocht san áireamh go hiomlán agus go cothrom agus tugtar aird chúf ar mhianach agus ar chumas an duine agus ar riachtanais an phoist atá i gceist.

Caitear le gach duine ar bhonn cothrom chomh fada is a bhaineann sé le hoiliúint, le forbairt gairme agus le hardú céime a thabhairt.

The well-being of staff working in the Company is safeguarded through the strict adherence to health and safety standards. The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005 imposes certain requirements in respect of staff and the Company has taken the necessary action to ensure compliance with the Act, including the adoption of a Safety Statement.

6. Corporate Governance

Maintaining high standards of corporate governance continues to be a priority of the Directors of An Post National Lottery Company. The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply the principles of good governance as appropriate to such an enterprise.

The Directors are accountable to the shareholders for good corporate governance and this report addresses how the relevant main and supporting principles of the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies have been applied within An Post National Lottery Company.

The Board

The Company is controlled through its Board of Directors. The Board's main roles are to oversee the operation of the Company, to provide leadership to the Company, to approve the Company's strategic objectives and to ensure that the necessary financial and other resources are made available to enable them to meet those objectives. The Board, which meets monthly during the year, has a schedule of matters reserved for its approval.

Déantar cúram de dhea-bhail na foirne, atá ag obair leis an gComhlacht trí chloí go docht le caighdeáin shábháilteachta agus sláinte. Leagann An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, dualgais áirithe i leith na foirne agus tá na céimeanna riachtanacha glactha ag an gComhlacht chun déanamh de réir an Acha. Áirítear orthusan glacadh le Ráiteas Sábháilteachta.

6. Rialachas Corparáide

Tosaíocht é ag Stiúrthóirí Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist ardchaighdeán rialachais chorparáide a choinneáil. D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt nuair is cuí do phríomhphrionsabail agus do phrionsabail thacaíochta ábhartha um dhea-rialachas mar is cuí i gcás gnóthais dá shórt.

Tá na Stiúrthóirí freagrach do na scairshealbhóirí as dearialachas corparáide agus pléann an tuarascáil seo leis an tslí inar cuireadh i bhfeidhm na príomhphrionsabail agus na prionsabail thacaíochta ábhartha atá le fáil sa Chód Sár-chleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus sa Chomhchód i gcás Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

An Bord

Rialaítear an Comhlacht trína Bhord Stiúrtha. Is iad príomhróil an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Chomhlachta, cinnireacht a sholáthar don Chomhlacht, cuspóirí straitéiseacha an Chomhlachta a fhaomhadh agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ar fáil na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus eile chun gur féidir leo na cuspóirí sin a bhaint amach. Uair sa mhí a thagann an Bord le chéile le linn na bliana. Tá sceideal ábhar atá forchoimeáda le faomhadh ag an mBord.

The specific responsibilities reserved to the Board include: setting Company strategy and approving an annual budget and medium-term projections; reviewing operational and financial performance; approving major capital expenditure; ensuring compliance with the terms of the licence to operate the National Lottery; reviewing the Company's systems of financial control and risk management; ensuring that appropriate management development and succession plans are in place; reviewing the environmental, health and safety performance of the Company; approving the appointment of the Company Secretary; and ensuring that a satisfactory dialogue takes place with shareholders.

The Board has delegated the following responsibilities to management: the development and recommendation of strategic plans for consideration by the Board that reflect the longer-term objectives and priorities established by the Board; implementation of the strategies and policies of the Company as determined by the Board; monitoring of the operating and financial results against plans and budgets; development of controls over the operation of draws, prioritising the allocation of technical and human resources; and developing and implementing risk management systems.

The roles of the Chairman and Chief Executive

The Chairman leads the Board in the determination of its strategy and in the achievement of its objectives. The Chairman is responsible for organising the business of the Board, ensuring its effectiveness and setting its agenda. The Chairman facilitates the effective contribution of non-executive Directors and constructive relations between the executive Director and non-executive Directors, ensures that Directors receive accurate, timely and clear information and manages effective communication with shareholders.

The Chief Executive has direct charge of the Company on a day to day basis and is accountable to the Board for the financial and operational performance of the Company.

I measc na sainfhreagrachtaí atá forchoimeáda don Bhord tá: straitéis an Chomhlachta a cheapadh agus an buiséad bliantúil agus na réamh mheastacháin mheántéarmacha a fhaomhadh; feidhmiú oibríoch agus airgeadais a athbhreithniú; mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go bhfuil téarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil á gcomhlíonadh; córais an Chomhlachta um rialú airgeadais agus bainistiú riosca a athbhreithniú; deimhin a dhéanamh de go bhfuil pleananna cuí i bhfeidhm chun forbairt agus comharbaíocht na bainistíochta a chinntiú; feidhmiú an Chomhlachta ó thaobh na timpeallachta agus cúrsaí sláinte is sábháilteachta de a athbhreithniú; ceapadh Rúnaí an Chomhlachta a fhaomhadh; agus deimhin a dhéanamh de go mbíonn idirphlé sásúil ann leis na scairshealbhóirí.

Tá na freagrachtaí seo a leanas tarmligthe ag an mBord don bhainistíocht: pleananna straitéiseacha, a bheadh ag teacht le cuspóirí agus le tosaíochtaí fadtéarmacha an Bhoird, a cheapadh agus a mholadh don Bhord le scrúdú; straitéisí agus polasaithe an Chomhlachta, mar atá sonraithe ag an mBord, a fheidhmiú; faireachán a dhéanamh ar thorthaí oibríochta agus airgeadais i gcomparáid le pleananna agus le buiséid; córais rialaithe a fhorbairt do reáchtáil na gcrannchur, tosaíochtaí a cheapadh do chionroinnt acmhainní daonna is teicniúla; agus córais bainistíochta riosca a cheapadh is a chur i bhfeidhm.

Ról an Chathaoirleach agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Is é **An Cathaoirleach** a threoraíonn an Bord maidir le cinneadh polasaí agus le baint amach a chuid cuspóirí. Is é an Cathaoirleach atá freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, as a éifeacht a chinntiú agus as an clár gnó a shocrú. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach na Stiúrthóirí neamh fheidhmiúcháin agus deachaidreamh idir iad agus an Stiúrthóir feidhmiúcháin agus cinntíonn sé go bhfaigheann na Stiúrthóirí eolas cruinn, tráthúil agus soiléir. Bainistíonn sé freisin cumarsáid éifeachtach leis na scairshealbhóirí.

Is ag an **bPríomhfheidhmeannach** atá údarás díreach ar an gComhlacht ó lá go chéile agus tá sé freagrach don Bhord as feidhmiú oibríoch agus airgeadais an Chomhlachta.

Directors and Directors' Independence

The Board currently comprises the Chairman, five non-executive Directors and the Chief Executive. The names of the Directors together with their biographical details are set out on pages 30 and 31. The positions of Chairman and Chief Executive are held by different persons. The Board includes independent non-executive Directors who constructively challenge and help develop proposals on strategy, bring strong, independent judgement, knowledge and experience to the Board's deliberations. These independent Directors are of sufficient calibre and number that their views carry significant weight in the Board's decision making.

The National Lottery Act, 1986, prescribes that the number of directors of the Company shall be seven. The authority regarding selection, nomination and appointment of the Directors is directly vested with the Company's shareholders. As such, considerations such as board composition, board appointments and board renewal rest with the Company's shareholders rather than with the Board.

The Chairman holds meetings with the non-executive Directors without the executive Director being present. The Board has formal procedures in place in this regard.

Directors have the right to ensure that any concerns they have, which cannot be resolved, about the running of the Company or a proposed action, are recorded in the Board minutes. In addition, upon resignation, a non-executive Director will be asked to provide a written statement to the Chairman, for circulation to the Board, if they have any such concerns.

The Directors are given access to independent professional advice at the Company's expense, when the Directors deem it is necessary in order for them to carry out their responsibilities.

Stiúrthóirí agus Neamhspleáchas na Stiúrthóirí

San am i láthair, is iad comhaltaí an Bhoird an Cathaoirleach, cúigear Stiúrthóirí neamh fheidhmiúcháin agus an Príomhfheidhmeannach. Tá ainmneacha na Stiúrthóirí mar aon lena sonraí beathaisnéise leagtha amach ar leathanaigh 30 agus 31. Daoine difriúla atá i bpost an Chathaoirligh agus i bpost an Phríomhfheidhmeannaigh. Áirítear ar an mBord Stiúrthóirí neamh fheidhmiúcháin neamhspleácha a cheistíonn ar bhealach dearfach moltaí faoi chúrsaí straitéise agus a chabhraíonn le hiad a fhorbairt. Thairis sin, tugann siad breithiúnas láidir, neamhspleách, maille le heolas agus taithí agus ceisteanna á scrúdú ag an mBord. Tá na Stiúrthóirí neamhspleácha líonmhar a dhóthain agus de chaighdeán sách ard le go mbeadh tionchar nach beag ag a dtuairimí ar chinntí an Bhoird.

Tá sé leagtha amach san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986, gurb é seachtar líon stiúrthóirí an Chomhlachta. Tá an t-údarás a bhaineann le roghnú, ainmniú agus ceapadh na Stiúrthóirí dílsithe le scairshealbhóirí an Chomhlachta. Dá réir sin, baineann ceisteanna breithnithe, dála comhdhéanamh an bhoird, ceapacháin an bhoird agus athnuachan an bhoird le scairshealbhóirí an Chomhlachta seachas leis an mBord.

Bíonn cruinnithe ag an gCathaoirleach leis na Stiúrthóirí neamh-feidhmiúcháin gan an Stiúrthóir feidhmiúcháin a bheith i láthair. Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm ag an mBord ina leith seo.

Tá sé de cheart ag Stiúrthóirí deimhin a dhéanamh de go gcláraítear i miontuairiscí an Bhoird aon ábhar inní gan réiteach atá acu faoi réachtáil an Chomhlachta nó faoi bheart atá molta. De bhreis air sin, iarrfar ar aon Stiúrthóirí neamh-feidhmiúcháin a éiríonn as oifig, ráiteas i scríbhinn a thabhairt don Chathaoirleach, le cur thart ar an mBord, má tá aon ábhar inní den sórt seo aige.

Cuirtear comhairle neamhspleách phroifisiúnta ar fáil do na Stiúrthóirí ar chostas an Chomhlachta má shíleann na Stiúrthóirí go bhfuil gá lena leithéid le go bhfeadfaidís a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

Professional Development

On appointment, all new Directors take part in an induction programme when they receive information about the Company, the role of the Board and the matters reserved for its decision, the terms of reference and membership of the Board and its principal committees, the Company's corporate governance practices and procedures, including the responsibilities delegated to Company senior management, and the latest financial information about the Company. This will typically be supplemented by meetings with key senior executives. Throughout their period in office, the Directors are continually updated on the Company's business, the competitive and regulatory environments in which it operates, corporate social responsibility matters and other changes affecting the Company and the lottery industry as a whole, by written briefings and meetings with senior executives. Directors are also advised on appointment of their legal and other duties and obligations as a Director, both in writing and in face-to-face meetings with the Company Secretary. They are also updated on changes to the legal and governance requirements of the Company and upon themselves as Directors.

Performance Evaluation

All Directors are appointed to the Board by the Minister for Public Expenditure and Reform in accordance with Section 14 of the National Lottery Act, 1986 and their terms of office (generally three years) are set out in writing.

The Board has adopted and performed a formal process for the annual evaluation of the performance of the Board and its principal Committees. During the year, an evaluation of the performance of the Board was conducted.

The Company Secretary

The Company Secretary is a full time employee of the Company's parent company, An Post. The Company Secretary is responsible for advising the Board, through the Chairman, on all governance matters. All Directors have access to the advice and services of the Company Secretary. The Company's Articles of Association provide that the appointment and removal of the Company Secretary is a matter for the full Board.

Forbairt Phroifisiúnta

Arna gceapadh dóibh glacann na Stiúrthóirí nua go léir páirt i gcúrsa intreorach mar a bhfaigheann siad eolas i dtaobh an Chomhlachta, ar ról an Bhoird agus na nithe atá forchoimeáda dá chinneadh, ar théarmaí tagartha agus ar bhallraíocht an Bhoird agus phríomhchoistí an Bhoird, ar chleachtas is ar ghnáthaimh rialachais chorparáidigh an Chomhlachta, ina measc na freagrachtaí atá tarmlichte le bainisteoirí sinsearachá an Chomhlachta, maille leis an eolas airgeadais is déanaí faoin gComhlacht. De ghnáth, cuirtear leis seo trí chruinnithe le heochair fheidhmeannaigh sinsearachá. Le linn a dtréimhsí oifige coinnítear Stiúrthóirí suas chun dáta ar ghnóthaí an Chomhlachta, ar na tosca iomaíocha agus rialála faoina bhfuil sé ag gníomhú, ar fhreagracht shóisialta chorparáideach agus ar athruithe eile a bhfuil éifeacht acu ar an gComhlacht agus ar thionscal na gcrannchur ina iomláine. Déantar é seo trí mhionteagasc i scríbhinn agus trí chruinnithe le feidhmeannaigh shinsearachá. Arna gceapadh dóibh, cuirtear Stiúrthóirí ar an eolas freisin faoina gcuid dualgas agus oibleagáidí dlíthiúla agus eile mar Stiúrthóirí. Déantar é seo i scríbhinn agus ag cruinnithe aghaidh ar aghaidh le Rúnaí an Chomhlachta. Coinnítear suas chun dáta iad chomh maith faoi athruithe i riachtanais dlíthiúla agus rialachais an Chomhlachta agus a gcuid féin mar Stiúrthóirí.

Meastóireacht ar Fheidhmiú

Ceapann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na Stiúrthóirí uile ar an mBord faoi réir Alt 14 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 agus leagtar amach a dtréimhsí oifige (trí bliana sa ghnáthshlí) i scríbhinn.

Tá glactha ag an mBord le próiseas foirmiúil chun meastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar fheidhmiú an Bhoird agus a phríomhchoistí. Le linn na bliana, rinneadh meastóireacht ar fheidhmiú an Bhoird.

Rúnaí an Chomhlachta

Fostaí lánaimseartha de chuid na máthair-chuideachta, An Post, é Rúnaí an Chomhlachta. Tá Rúnaí an Chomhlachta freagrach as eolas a choinneáil leis an mBord tríd an gCathaoirleach ar gach gnó rialachais. Tá fáil ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle is ar sheirbhísí Rúnaí an Chomhlachta. Faoi réir na nAirteagal Comhlachais is gnó don Bhord ina iomláine é Rúnaí an Chomhlachta a cheapadh is a bhriseadh.

Information

Regular reports and papers are circulated to the Directors in a timely manner in preparation for Board and Committee meetings. These papers are supplemented by information specifically requested by the Directors from time to time.

The non-executive Directors receive monthly management accounts and regular management reports and information which enables them to scrutinise the Company's and management's performance against agreed objectives.

Relations with Shareholders

The Board and management maintain an ongoing dialogue with the Company's shareholders on strategic issues. In addition, under the National Lottery Act, 1986, certain operational matters require the approval of the Minister for Public Expenditure and Reform in respect of which ongoing contact with the Minister is maintained.

The Chairman gives feedback to the Board on issues raised with him by the shareholders. All Directors normally attend the Annual General Meeting and shareholders are invited to ask questions during the meeting and to meet with Directors after the formal proceedings have ended.

Internal Control and Risk Management

An ongoing process exists for identifying, evaluating and managing the significant risks faced by the Company. This process is periodically reviewed by the Directors and has been in place throughout the accounting period and up to the date the financial statements were approved.

The Directors are responsible for the Company's system of internal control, setting appropriate policies on internal control, seeking regular assurance that will enable them to satisfy themselves that the system is functioning effectively and ensuring that the system of internal control is effective in managing risks in the manner which it has approved. Such a system is designed to manage rather than eliminate business risks and can provide only reasonable rather than absolute assurance against material misstatement or loss.

Eolas

Cuirtear tuarascála agus páipéir thart ar na Stiúrthóirí in am tráth do chruinnithe Boird is Coistí. Cuirtear leis na páipéir seo trí eolas ar leith a sholáthar de réir mar a iarrann Stiúrthóirí é ó am go chéile.

Faigheann na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais mhíosúla bainistíochta maille le tuairiscí agus eolas rialta ón mbainistíocht, rud a chuireann ar a gcumas mionscrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na bainistíochta agus an Chomhlachta i gcomparáid le spriocanna aontaithe.

Caidreamh le Scairshealbhóirí

Bíonn idirphlé leanúnach idir an Bord is an bhainistíocht le scairshealbhóirí an Chomhlachta faoi nithe straitéiseacha. Thairis sin, faoin Acht um Chranncuir Náisiúnta 1986, ní mór faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil do ghnóthaí oibríochta áirithe agus chuige sin coinnítear teagmháil leanúnach leis an Aire.

Tugann an Cathaoirleach aiseolas don Bhord ar cheisteanna a thógann na scairshealbhóirí leis. Is gnách leis na Stiúrthóirí uile freastal ar an gCruinniú Cinnbhliana agus tugtar cuireadh do na scairshealbhóirí ceisteanna a chur le linn an chruinnithe agus casadh ar na Stiúrthóirí nuair a bhíonn deireadh leis na himeachtaí foirmiúla.

Rialú Inmheánach & Bainistíocht Rioscaí

Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha, a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu, a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Athbhreithníonn na Stiúrthóirí é ó am go chéile agus bhí feidhm leo le linn na tréimhse cuntasafíochta suas go dtí an dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta agus polasaithe cuí ar rialú inmheánach á socrú acu, deimhniú á lorg acu go rialta a shásóidh iad go bhfuil an córas ag feidhmiú go héifeachtach agus iad a bheith sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach chun rioscaí a bhainistiú ar an dóigh a faomhadh. Ceaptar córas mar seo chun rioscaí gnó a bhainistiú seachas fáil réidh leo agus ní thig leis ach barántas réasúnta, seachas barántas iomlán, a thabhairt in aghaidh aon mhíríteas ábhartha nó cailteanas.

The Directors have continued to review the effectiveness of the Company's system of financial and non-financial controls, including operational and compliance controls, risk management and the Company's high level internal control arrangements. These reviews have included an assessment of internal controls by management, management assurance of the maintenance of controls, reports from the internal auditor and reports from the external auditor on matters identified in the course of its statutory audit work.

The Company views the careful management of risk as a key management activity. Managing business risk to deliver opportunities is a key element of all activities. This is done using a simple and flexible framework which provides a consistent and sustained way of implementing the Company's values. These business risks, which may be strategic, operational, reputational, financial or environmental, should be understood and visible. The business context determines in each situation the level of acceptable risk and controls.

The key risks facing the Company, as identified on page 35, have been considered throughout the year by the Board and management. The management of these risks includes frequent interaction with the Company's shareholders, identification of measures to mitigate the risks identified and consideration of contingency measures. External advisors have been consulted in this regard as required.

Management is responsible for the identification and evaluation of significant risks and for the design and implementation of appropriate internal controls. These risks are assessed on an ongoing basis and are derived from a variety of external and internal sources. Management reports regularly to the Board on the key risks inherent in the business and on the way in which these risks are managed. Management also reports to the Board on any significant changes in the Company's business and on any risks associated with such changes. The process used to identify and manage key risks is an integral part of the internal control environment.

Lean na Stiúrthóirí de bheith ag athbhreithniú éifeacht chóras rialaithe airgeadais agus neamh-airgeadais an Chomhlachta, ina measc rialúcháin oibríoch agus géilliúntais, bainistíocht rioscaí agus socruithe rialaithe ardleibhéil an Chomhlachta. Mar chuid den athbhreithniú seo rinneadh meastóireacht ar rialúcháin inmheánacha na bainistíochta, ar dheimhniú ón mbainistíocht go leantar den rialú, ar thuairiscí ón iniúchóir inmheánach agus ar thuairiscí ón iniúchóir seachtrach ar chúrsaí a aithníodh agus an obair reachtúil iniúcháireachta ar bun.

Tá an Comhlacht den tuairim gur eochair-ghníomhaíocht de chuid na bainistíochta é bainistiú cáiréiseach a dhéanamh ar rioscaí. Buneilimint i ngach gníomhaíocht é rioscaí gnó a bhainistiú chun deiseanna a thapú. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as frámaíocht shimplí sholúbtha a chruthaíonn bealach buan agus seasmhach chun luachanna an Chomhlachta a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh na rioscaí gnó seo, bídís ina rioscaí straitéiseacha, oibríocha, dea-cháile, airgeadais nó timpeallachta, intuigthe agus sofheicthe. I ngach cúinse, is é an comhthéacs gnó a shocraíonn leibhéal inghlactha rialú rioscaí agus rialúcháin.

Bhreithnigh an Bord agus an bhainistíocht le linn na bliana ar fad na heochair rioscaí ar aghaidh an Chomhlachta amach, mar atá siad luaite ar leathanach 35. Éilíonn bainistiú na rioscaí seo idirbheartaíocht go minic le scairshealbhóirí an Chomhlachta, céimeanna chun na rioscaí a aithníodh a mhaolú agus machnamh a dhéanamh ar chéimeanna teagmhasacha. Chuige sin, glacadh comhairle ó chomhairleoirí seachtracha de réir mar ba ghá.

Ar an mbainistíocht atá an fhreagracht chun rioscaí suntasacha a aithint agus a mheas agus as rialúcháin inmheánacha cuí a cheapadh is a chur i bhfeidhm. Déantar meastóireacht leanúnach ar na rioscaí seo agus í bunaithe ar raon foinsí inmheánacha agus seachtracha. Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don Bhord ar na príomh-rioscaí a bhaineann leis an ngnó agus ar an tslí ina ndéantar bainistiú ar na rioscaí. Tuairiscíonn an bhainistíocht don Bhord freisin ar athruithe suntasacha i ngnóthaí an Chomhlachta agus aon rioscaí a eascraíonn as na hathruithe seo. Dlúthchuid den timpeallacht inmheánach rialaithe é an próiseas a úsáidtear chun na príomh-rioscaí a aithint agus a bhainistiú.

The key procedures which the Directors have established with a view to providing effective internal control are as follows:

- A clear focus on business objectives as determined by the Board after consideration of the statutory responsibilities and risk profile of the Company's business.
- A defined organisational structure with clear lines of responsibility, delegation of authority and segregation of duties designed to foster a beneficial control environment.
- A risk management process which considers the strategy and development of the business in the context of the annual budget process when financial plans and performance targets are set and reviewed by the Board in light of the Company's overall objectives.
- A report and control system which produces a comprehensive set of financial reports. The annual budget is approved by the Board. Key financial statistics are monitored by management on a daily basis. Actual results are reported monthly against budget and any significant adverse variances are examined and remedial action taken.
- Control procedures – comprehensive procedures manuals are maintained by the Company in respect of all its main activities. In particular, there are clearly defined limits and procedures for financial expenditure, including procurement and capital expenditure, and for all draw operations.
- Monitoring system – compliance with control objectives is monitored on an ongoing basis by management. The control system is also monitored by internal audit whose work is focused on the areas of greatest risk to the Company.

The Company has procedures to ensure that appropriate arrangements are in place for employees to be able to raise, in confidence, matters of possible impropriety, with suitable subsequent follow-up action. Reporting channels have been created whereby perceived wrongdoing may be reported orally and via post, telephone and email, anonymously if preferred.

Seo a leanas na príomh-ghnáthaimh a cheap na Stiúrthóirí chun rialú inmheánach éifeachtach a chinntiú:

- Fócas grinn ar na cuspóirí gnó, mar atá leagtha amach ag an mBord, tar éis na freagrachtaí reachtúla is próifil riosca an Chomhlachta a thabhairt san áireamh.
- Struchtúr sainithe eagraíochta le línte soiléire freagrachta, tarmligean údaráis agus dealú dualgas a cheapadh chun timpeallacht tairbheach rialaithe a chothú.
- Próiseas bainistiú rioscaí a thugann san áireamh straitéis agus forbairt an ghnó i gcomhthéacs phróiseas bliantúil an bhuiséid nuair a leagann an Bord amach is mar a athbhreithníonn sé pleananna airgeadais agus spriocanna feidhmíthe i gcomhthéacs chuspóirí foriomlána an Chomhlachta.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe a chuireann ar fáil tacar uileghabhálach de thuiriscí airgeadais. Faomhann an Bord an buiséad bliantúil. Déanann an bhainistíocht meastóireacht go laethúil ar eochair-staitisticí airgeadais. Tuairiscítear na torthaí iarbhire míosúla i gcomparáid leis an mbuiséad agus scrúdaítear difríochtaí substaintiúla diúltacha agus féachtar le hiad a cheartú.
- Gnáthaimh rialaithe – coinníonn an Comhlacht lámhleabhair chuimsitheacha gnáthaimh ar a phríomh-imeachtaí uile. Tá, ach go háirithe, teorainneacha agus gnáthaimh leagtha amach go soiléir faoi chaiteachas airgid. Áirítear anseo soláthairtí, caiteachas caipitil agus reachtáil na gcrannchur.
- Córas faireacháin – déanann bainistíocht an Chomhlachta faireachán ar chomhlíonadh na gculpóirí rialaithe ar bhonn leanúnach. Déantar faireachán ar an gcóras rialaithe freisin trí iniúchadh inmheánach a dhéanamh ar na gnéithe úd is mó riosca don Chomhlacht.

Tá gnáthaimh i bhfeidhm ag an gComhlacht a chinntíonn gur féidir le fostaithe ceisteanna faoi aon iompar míchuí, a fhéadfadh a bheith ann, a ardú faoi dhiscréid agus go leantar an cheist ansin ar bhealach cuí. Tá bealaí tuairiscithe ceaptha trínar féidir aon iompar míchuí, a mheastar a bheith ann, a thuiriscíú de bhéal, tríd an bpost, thar an teileafón nó i ríomhphost, agus é sin gan ainm a thabhairt más fearr sin.

Attendance at Board and Board Committee Meetings

The following table shows the number of Board and Board Audit & Risk Committee meetings held during the year ended 31 December, 2012 and the attendance records of individual Directors.

	Board meetings	Audit & Risk Committee meetings
Total number of meetings	10	5
Donal Connell	10(10)	5(5)
Dermot Griffin	10(10)	-
Micheál Ó'Muircheartaigh	6(8)	4(4)
Caroline Murphy	9(10)	5(5)
Peter Quinn	9(9)	-
Oliver Wilkinson	10(10)	-

Figure in brackets indicate maximum number of meetings in the period in which the individual was eligible to attend the Board/Committee meeting.

Directors' Remuneration

The remuneration of the Chief Executive is subject to the approval of the Board of the Company. The objective is to maintain the remuneration of the Chief Executive at a level which is attractive to the individual while, at the same time, representing value for money for the Company. A proportion of the Chief Executive's remuneration is performance related and, in this way, is linked to the Company and individual objectives.

Fees for Directors are determined by the Minister for Public Expenditure and Reform.

No Director has a service contract with the Company. No executive Director serves as a paid non-executive Director elsewhere.

Freastal ar chruinnithe de chuid an Bhoird agus Choistí an Bhoird

Léiríonn an tábla thíos líon na gcruinnithe a bhí ag an mBord agus ag Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí an Bhoird le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012 maille leis an bhfreastal a rinne gach Stiúrthóir.

	Cruinnithe Boird	Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí
Líon iomlán na gcruinnithe	10	5
Donal Connell	10(10)	5(5)
Dermot Griffin	10(10)	-
Micheál Ó'Muircheartaigh	6(8)	4(4)
Caroline Murphy	9(10)	5(5)
Peter Quinn	9(9)	-
Oliver Wilkinson	10(10)	-

Léiríonn an figiúr faoi lúbíní líon iomlán na gcruinnithe le linn na tréimhse nuair a bhí an duine i dteideal freastal ar chruinniú den Bhord/Choiste.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Ní mór don Bhord an Chomhlachta luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a fhaomhadh. Tá sé mar chuspóir luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a choinneáil ar leibhéal a bheadh mealltach dó agus, ag an am céanna, a thabharfadh luach maith airgid don Chomhlacht. Íoctar sciar de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir feidhmíochta agus, ar an dóigh seo, tá baint aige le cuspóirí an Chomhlachta agus leis an duine aonair.

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn táillí na Stiúrthóirí.

Níl conradh seirbhíse ag aon Stiúrthóir leis an gComhlacht. Ní fheidhmíonn aon Stiúrthóir feidhmeach mar Stiúrthóir neamh-feidhmeach faoi íocaíocht áit ar bith eile.

The Board:

- determines the remuneration and other terms and conditions of employment of the Chief Executive;
- determines the pay structures and terms and conditions of other senior personnel;
- takes all decisions related to pay and pay related matters; and
- considers any other matters which it deems to be relevant to the foregoing.

The disclosures made in these financial statements (note 5) relating to Directors' emoluments and pension information are those required under the Irish Companies Acts, 1963 to 2012.

The Audit & Risk Committee

During the year, the Audit & Risk Committee comprised of Micheál Ó Muircheartaigh, until 5 November, 2012, Caroline Murphy and Donal Connell. Caroline Murphy currently acts as Chairperson of the Committee. All the members of the Committee are independent non-executive Directors.

Members of the Committee bring to it a wide range of experience from senior positions in business.

Under its terms of reference, the Audit & Risk Committee monitors the integrity of the Company's financial statements. The Committee is responsible for monitoring the effectiveness of the external audit process and making recommendations to the Board in relation to the appointment, re-appointment and remuneration of the external auditors. It is responsible for ensuring that an appropriate relationship between the Company and the external auditors is maintained, including reviewing non-audit services and fees. As a result of regulatory or similar requirements, it is necessary to employ the Company's external auditors for certain audit related and non-audit services. In order to maintain the independence of the external auditors, the Committee has determined policies as to what audit related and non-audit services can be provided by the Company's external auditors and the approval process related to these services. In particular, the Board considers it appropriate that independent observer and draw related services, which are the principal constituent of audit related fees paid, be performed by the external auditors.

Socraíonn an Bord:

- luach saothair agus téarmaí is coinníollacha eile fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh;
 - an struchtúr tuarastail is téarmaí oibre agus coinníollacha fostaíochta chomhaltaí sinsearach eile foirne;
 - na cinntí uile a bhaineann le tuarastal agus le nithe a bhaineann le tuarastal; agus
 - measúnú a dhéanamh ar nithe eile a shíleann sé a bheith ábhartha do na gnóthaí thuasluaite.
- Is éard atá san fhaisnéisiú atá déanta sna ráitis airgeadais seo (nóta 5) a bhaineann le luach saothair nó le heolas pinsin na Stiúrthóirí, ná an faisnéisiú a éilítear faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012 in Éirinn.

An Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí

Le linn na bliana b'iad Micheál Ó Muircheartaigh, suas go dtí 5 Samhain 2012, Caroline Murphy agus Donal Connell comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta & Rioscaí. Caroline Murphy a fheidhmíonn faoi láthair mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Stiúrthóirí neamh fheidhmiúcháin neamhspleácha iad comhaltaí uile an choiste.

Tá taithí leathan ag comhaltaí an choiste de bharr poist thábhachtacha sa saol gnó a bheith acu.

Faoina théarmaí tagartha, déanann an Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí faireachán ar ionracas ráitis airgeadais an Chomhlachta. Tá an Coiste freagrach as faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht phróiseas an iniúchta seachtraigh agus as moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le ceapadh, athcheapadh agus luach saothair na n-iniúchóirí seachtracha. Tá sé freagrach chomh maith as deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar gaol cuí idir an Comhlacht agus na hiniúchóirí seachtracha agus athbhreithniú ar sheirbhísí is ar tháillí neamh iniúchóireachta san áireamh. De bharr riachtanais rialacháin nó cinn dá shórt, is gá iniúchóirí seachtracha an Chomhlachta a fhóstu le haghaidh seirbhísí áirithe a bhaineann leis an iniúchadh agus cinn neamh-iniúchóireachta. Chun go gcaomhnófaí neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha, rianaigh an Coiste Iniúchóireachta polasaithe faoi na seirbhísí, idir sheirbhísí a bhaineann leis an iniúchadh agus sheirbhísí neamh iniúchóireachta, a fhéadfadh iniúchóirí seachtracha an Chomhlachta a sholáthar agus faoin bpróiseas chun na seirbhísí seo a fhaomhadh. Measann an Bord, ach go háirithe, go bhfuil sé cuí gurb iad na hiniúchóirí seachtracha a sholáthródh seirbhísí mar bhreathnadóir neamhspleách agus seirbhísí a bhaineann leis an gcrannchur, ar phríomhghné iad de na táillí iniúchóireachta a íoctar. De réir na bpolasaithe seo, ní dhéantar obair chomhairleoireachta a thairiscint

Under these policies, work of a consultancy nature will not be offered to the external auditors unless there are clear efficiencies and value added benefits to the Company while ensuring that the objectivity and independence of the external auditors is maintained. The Committee monitors the level of fees paid to the external auditors.

The Committee reviews annually the Company's systems of internal control and the processes for monitoring and evaluating the risks facing the Company.

The Committee meets with management, as well as privately with the external auditors.

In 2012, the Committee discharged its responsibilities by:

- reviewing the Company's draft financial statements prior to Board approval and meeting and reviewing with the external auditors their reports thereon;
- reviewing the appropriateness of the Company's accounting policies;
- reviewing the potential impact on the Company's financial statements of significant matters;
- reviewing the resources of internal audit, approving the internal audit plans, reviewing internal audit reports and dealing with control issues raised by the internal auditors;
- reviewing and approving the audit fee and reviewing non-audit fees payable to the Company's external auditors;
- reviewing the external auditors' plan for the audit of the Company's financial statements, confirmations of auditor independence and approving the terms of engagement for the audit;
- considering the adequacy of the Company's system of risk identification and assessment;
- considering the key risks faced by the Company, such as the retention of the licence to operate the National Lottery, the integrity of operations and the impact of the economy on the Company, and the measures in place to mitigate the risks;
- reviewing an annual report on the Company's systems of internal control and its effectiveness, reporting to the Board on the results of the review and receiving regular updates on key risk areas of financial control.

do na hiniúcháirí seachtracha mura bhfuil buntáistí soiléire éifeachtachta agus breisluacha le fáil ag an gComhlacht agus oibiachtúlacht is neamhspleáchas na n-iniúcháirí seachtracha a bheith slán i gcónaí. Déanann an Coiste faireachán ar leibhéal na dtáillí a íoctar leis na hiniúcháirí seachtracha.

Athbhreithníonn an Coiste go bliantúil córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta agus na modhanna chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu.

Buaileann an Coiste leis an mbainistíocht agus freisin go príobháideach leis na hiniúcháirí seachtracha.

Le linn 2012 chomhlíon an Coiste Iniúcháireachta a chuid dualgas trí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-ráitis airgeadais an Chomhlachta sular dheim an Bord iad a fhaomhadh agus trí chasadh ar na hiniúcháirí seachtracha is a dtuairiscí ar na ráitis airgeadais a athbhreithniú i bpáirt leo;
- oiriúnacht pholasaithe cuntasáíochta an Chomhlachta a athbhreithniú;
- an éifeacht fhéideartha a fhéadfadh a bheith ar ráitis airgeadais an chomhlachta ag rudaí suntasacha a athbhreithniú;
- acmhainní an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú, pleananna an iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh, tuairiscí an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus déileáil le ceisteanna suntasacha a thógann na hiniúcháirí inmheánacha;
- táille an iniúchta agus táillí neamh-iniúcháireachta, iníochta le hiniúcháirí seachtracha an Chomhlachta, a athbhreithniú is a fhaomhadh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna na n-iniúcháirí seachtracha chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chomhlachta, ar dheimhnithe ar neamhspleáchas na n-iniúcháirí agus ar théarmaí an chonartha don iniúchadh a fhaomhadh;
- leordhóthaineacht chóras an Chomhlachta chun rioscaí a aithint is a thomhas, a mheas;
- na heochair-rioscaí, a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu, dála coinneáil an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil, sláine a n-oibríochtaí agus éifeacht an gheilleagair ar an gComhlacht, agus na céimeanna atá glactha chun na rioscaí a mhaolú;
- tuairisc bhliantúil ar chórais an Chomhlachta um rialú inmheánach agus a éifeachtúlacht a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt don Bhord ar thorthaí an athbhreithnithe agus tuairiscí suas-chun-dáta a fháil go rialta ar eochair-ghnéithe riosca den rialú airgeadais.

Nomination Committee

As all the authority regarding the appointment of Directors is vested with the Minister for Public Expenditure and Reform, the matter of constituting a nomination committee is not required to be considered by the Board.

Compliance Statement

The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to meet the appropriate standards of good governance for such an entity.

The Directors confirm that the Company has been in compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies throughout the financial year under review.

Going Concern

The Directors have reviewed the Company's business plan and other relevant information including the terms of the licence extension granted by the Minister for Public Expenditure and Reform to the Company for the operation of the National Lottery until 30 June, 2013. The Directors note that the process for the granting of the next licence to operate the National Lottery is ongoing and a new licence is not expected to commence before 2014. Having considered this timeline, the potential outcomes of the process and the related going concern risks to the Company, the Directors continue to adopt the going concern basis in preparing the financial statements. The Directors note that the adoption of the alternative wind up basis of preparation would not, in their opinion, result in a materially different result for the year ended 31 December, 2012.

Accounting Records

The Directors believe that they have complied with the requirements of Section 202 of the Companies Act, 1990 with regard to books of account by employing accounting personnel with appropriate expertise and by providing adequate resources to the financial function. The books of account of the Company are maintained at An Post National Lottery Company Headquarters, Lower Abbey Street, Dublin 1.

Coiste Ainmniúcháin

Toisc go bhfuil iomlán an údaráis a bhaineann le ceapadh Stiúrthóirí dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ní gá don Bhord déileáil le coiste ainmniúcháin a bhunú.

Ráiteas Géilliúntais

D'fhorbair an Bord a pholasáí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt do chaighdeáin chúí dheariachais d'aonán mar é.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chomhlíon an Comhlacht an Cód Sár-chleachtas um Rialachas Chomhlachtaí Stáit le linn na bliana airgeadais atá faoi chaibidil.

Gnóthas Leantach

D'athbhreithnigh na Stiúrthóirí plean gnó an Chomhlachta agus eolas ábhartha eile, ina measc an ceadúnas a thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don Chomhlacht chun an Crannchur Náisiúnta a réachtáil go dtí 30 Meitheamh, 2013. Tá tugtha faoi deara ag na Stiúrthóirí go bhfuil deonú an chéad cheadúnais eile idir lámha i gcónaí agus nach móide go dtosóidh an ceadúnas nua roimh 2014. Tar éis dóibh an t amlíne seo, na torthaí a fhéadfadh a bheith ar an bpróiseas agus na rioscaí gaolmhara mar ghnóthas leantach do Chomhlacht a chur ar an meá, leanann na Stiúrthóirí de bheith ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á réiteach acu. Tá tugtha faoi deara ag na Stiúrthóirí nach mbeadh toradh, a mbeadh difríocht shuntasach ag baint leis, ann don bhliain dár críoch 31 Nollaig, 2012, dá nglacfaí le bonn foircinn mar mhalairt agus an réiteach á dhéanamh.

Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad riachtanais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 i dtaca leis na leabhair chuntasaíochta trí fhoireann cuntasaíochta, leis an saineolas cuí, a fhostú agus trí dhóthain acmhainní a chur ar fáil do na feidhmeanna cuntasaíochta. Coinnítear leabhair chuntas in Ard Oifig Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist, ag Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

7. Auditors

KPMG, Chartered Accountants, continue in office in accordance with Section 160(2) of the Companies Act, 1963.

On behalf of the Board



Donal Connell,
Chairman
19 February, 2013

Dermot Griffin,
Chief Executive

7. Iniúcháirí

Leanann KPMG, Cuntasóirí Cairte, orthu in oifig faoi réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird



Donal Connell,
Cathaoirleach
19 Feabhra, 2013

Dermot Griffin,
Príomhfheidhmeannach

Statement of Directors' Responsibilities

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

The Directors are responsible for preparing the Annual Report and financial statements in accordance with applicable law and regulations.

Company law requires the Directors to prepare financial statements for each financial year. Under that law, the Directors have elected to prepare the Company's financial statements in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, comprising applicable Irish law and the accounting standards issued by the Financial Reporting Council and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland.

The Company's financial statements are required by law to give a true and fair view of the state of affairs of the Company and of the profit or loss of the Company for that period.

In preparing those financial statements, the Directors are required to:

- select suitable accounting policies and then apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent; and
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Company will continue in business.

The Directors are responsible for keeping proper books of account which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the Company and to enable them to ensure that the financial statements comply with the Companies Acts, 1963 to 2012. They are also responsible for taking such steps as are reasonably open to them to safeguard the assets of the Company and to prevent and detect fraud and other irregularities.

The Directors are also responsible for preparing a Directors' Report that complies with the requirements of the Companies Acts 1963 to 2012.

The Directors are responsible for the maintenance and integrity of the corporate and financial information included on the Company's website. Legislation in the Republic of Ireland governing the preparation and dissemination of financial statements may differ from legislation in other jurisdictions.

On behalf of the Board

Donal Connell,
Chairman
19 February, 2013

Dermot Griffin,
Director

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe agus rialachán infheidhmithe.

Éilfíonn dlí chuideachtaí go n-ullmhóidh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais. Shocraigh na Stiúrthóirí faoin dlí sin ráitis airgeadais a ullmhú a bheadh ag teacht leis na Cleachtais Chuntasaíochta, a bhfuil gnáth ghlacadh leo in Éirinn, a chuimsíonn dlí infheidhmithe na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus a d'fhoilsigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilítear faoin dlí go dtabharfadh ráitis airgeadais an Chomhlachta tuairisc fíor agus cothrom ar staid chúrsaí an Chomhlachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Chomhlachta i rith na tréimhse sin.

Mar chuid d'ullmhúcháin na ráiteas airgeadais seo, tá sé de dhualgas ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasafóchta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i gcríoch go rialta,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh, agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin nuair atá sé neamhoiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Comhlacht ar aghaidh mar ghnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ag léiriú go réasúnta beacht ag am ar bith staid airgeadais an Chomhlachta agus a thabharfadh deis dóibh a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012. Tá siad freagrach i gcoitinne as pé céimeanna riachtanacha a thógáil chun sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus chun aon chalaois nó aon mhírialtachtaí a stopadh agus a thabhairt faoi deara.

Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as Tuarascáil Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012.

Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as cothabháil agus sláine an eolais chorparáide agus airgeadais a chuimsítear ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta. Is féidir go bhfuil difríochtaí idir reachtaíocht Phoblacht na hÉireann maidir le réiteach agus le dáileadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

Donal Connell,
Cathaoirleach
19 Feabhra, 2013

Dermot Griffin,
Stiúrthóir

Independent Auditor's Report to the Members of An Post National Lottery Company

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh do Chomhaltaí Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist

We have audited the financial statements of An Post National Lottery Company for the year ended 31 December, 2012 which comprise the Profit and Loss Account, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement, the Accounting Policies and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is Irish law and accounting standards issued by the Financial Reporting Council and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland (Generally Accepted Accounting Practice in Ireland).

This report is made solely to the Company's members, as a body, in accordance with section 193 of the Companies Act 1990. Our audit work has been undertaken so that we might state to the Company's members those matters we are required to state to them in an auditor's report and for no other purpose. To the fullest extent permitted by law, we do not accept or assume responsibility to anyone other than the Company and the Company's members as a body, for our audit work, for this report, or for the opinions we have formed.

Respective Responsibilities of Directors and Auditor

As explained more fully in the Directors' Responsibilities Statement set out on page 48, the Directors are responsible for the preparation of the financial statements giving a true and fair view. Our responsibility is to audit and express an opinion on the financial statements in accordance with Irish law and International Standards on Auditing (UK and Ireland). Those standards require us to comply with the Ethical Standards for Auditors issued by the Auditing Practices Board.

Scope of the Audit of the Financial Statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of: whether the accounting policies are appropriate to the Company circumstances and have been consistently applied and adequately disclosed; the reasonableness of significant accounting estimates made by the Directors; and the overall presentation of the financial statements.

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2012 ar a n-áirítear an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, na Polasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu. Is é dlí na hÉireann an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus iad dá n-ullmhú maille leis na caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh an Chomhairle um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus a d'fhoilsigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Gnáth-Chleachtas Cuntasaíochta in Éirinn).

Is do chomhaltaí an Chomhlachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, a dhéantar an tuarascáil seo. Chuamar i mbun na hoibre iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí an Chomhlachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháir agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dúinn de réir dlí ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht do dhuine ar bith seachas don Chomhlacht agus do chomhaltaí an Chomhlachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí a dtángamar orthu.

Freagrachtaí Stiúirthóirí agus Iniúcháir faoi seach

Mar atá mínithe ar bhealach níos cuimsithí sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúirthóirí, atá leagtha amach ar leathanach 48, tá na stiúirthóirí freagrach as réiteach na ráiteas airgeadais ar shlí a thugann léargas cóir agus cothrom. Tá freagracht orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh fúthu atá ag teacht le dlí na hÉireann agus le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin seo go gclóifimis leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháir a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Scóip an Iniúchta ar na ráitis airgeadais

Cuimsíonn iniúchadh teacht ar fhianaise faoi na suimeanna agus faoin bhfaisnéisiú a thabharfadh urrús réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhí-ráiteas ábhartha, bíodh sé seo mar thoradh ar chialais nó ar bhotún. Áirítear anseo measúnú ar cé acu an raibh nó nach raibh polasaithe cuntasaíochta an Chomhlachta: oiriúnach do thosca an Chomhlachta agus iad curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nocht a dhóthain; réasúntacht mheastacháin shuntasacha cuntasaíochta a rinne na stiúirthóirí; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais ina n-iomláine.

Independent Auditor's Report to the Members of An Post National Lottery Company

Tuarascáil an Iniúcháora Neamhspleáigh do Chomhaltaí Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist

In addition, we read all the financial and non-financial information in the annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements.

If we become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies we consider the implications for our report.

Opinion on Financial Statements

In our opinion:

- the financial statements give a true and fair view, in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, of the state of the Company's affairs as at 31 December, 2012 and of the Company's result for the year then ended; and
- the financial statements have been properly prepared in accordance with the Companies Acts 1963 to 2012.

Matters on which we are required to report by the Companies Acts 1963 to 2012

We have obtained all the information and explanations which we consider necessary for the purposes of our audit.

The financial statements are in agreement with the books of account and, in our opinion, proper books of account have been kept by the Company.

In our opinion the information given in the Directors' report is consistent with the financial statements.

The net assets of the Company, as stated in the balance sheet are more than half of the amount of its called-up share capital and, in our opinion, on that basis there did not exist at 31 December, 2012 a financial situation which under Section 40(1) of the Companies (Amendment) Act, 1983 would require the convening of an extraordinary general meeting of the Company.

Thairis sin, léamar an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais uile sa tuarascáil bhliantúil chun aon neamhréireacht ábhartha idir í agus na ráitis airgeadais a aithint.

Má thagaimid ar aon mhí-ráiteas nó neamhréireacht ábhartha déanaimid meastóireacht ar an inchiall dár dtuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is í ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais tuairim chóir agus chothrom, atá ag teacht leis an Gnáth-Chleachtas Cuntasaíochta in Éirinn, ar staid ghnóthaí an Chomhlachta ar 31 Nollaig, 2012 agus ar thoradh an Chomhlachta don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur réitíodh na ráitis airgeadais mar is cóir faoi réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012.

Nithe eile a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú faoi réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá i gcomhair ár n iniúchta.

